Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe



Tuarascáil Bhliantúil – 2010

Clár

Réamhrá ón gCoimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe 2

Ráiteas Bunchuspóra 5

Cé is Iarrthóir Tearmainn Ann? 6

An Sainmhíniú ar Dhídeanaí 6

Cuid 1 – Réamhrá 7

Cuid 2 - Forbairtí Ríthábhachtacha i 2010 12

Cuid 3 – Dul chun cinn maidir le Spriocanna Ardleibhéil Ráiteas Straitéise 2010-2012 25

Sprioc Ardleibhéil 1 26

Sprioc Ardleibhéil 2 32

Sprioc Ardleibhéil 3 38

Sprioc Ardleibhéil 4 42

Sprioc Ardleibhéil 5 44

Cuid 4 - Aguisíní 50

Aguisín 1 - Struchtúr Fhoireann Bainistithe na hOifige 51

Aguisín 2 - Forléargas ar Aonaid na hOifige 53

Aguisín 3 - Staitisticí Iarratas/Próiseála 57

Aguisín 4 – Staitisticí Rialachán Bhaile Átha Cliath II AE 66

Aguisín 5 - Ceisteanna a d'Fhreagair an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí agus An tAonad Cóipeála/Clárúcháin i 2010 72

Aguisín 6 - Sonraí Airgeadais 74

Aguisín 7 – Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh 2010 76

Gluais Téarmaí 78

Réamhrá ón gCoimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe

Tá áthas orm an deichiú Tuarascáil Bhliantúil de chuid Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe (ORAC) a chur i láthair. Bliain dhúshlánach spéisiúil eile dár n-eagraíocht ab ea 2010.

Mionsonraíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo an dul chun cinn a rinneadh i 2010 chun na cuspóirí agus spriocanna dúshlánacha a sheachadadh atá le fáil inár Ráiteas Straitéiseach 2010-2012. Tá sé ar an gcéad tuarascáil faoin Ráiteas Straitéiseach seo agus ar an gceathrú Tuarascáil Bhliantúil ón uair a ceapadh mar Choimisinéir mé i mí Iúil 2007 freisin.

Rinneadh 1,939 iarratas ar stádas dídeanaí i 2010 a sheasann do laghdú de 27.9% ar iarratas i gcomparáid le 2009. Tá líon na iarratas ar thearmann anois ag leibhéil nach bhfacthas ó lár na nóchaidí.

I gcaitheamh na bliana, ba mhór an dul chun cinn a rinneadh i bpróiseáil iarratas. Cuireadh iomlán de 2,192 cás i gcríoch. Rinneadh níos lú cásanna a phróiseáil i 2010 i gcomparáid le blianta roimhe ar aon dul le titim i líon na n-iarratas ar thearmann don bhliain agus de thoradh an aistrithe de ghrúpa oibrithe cáis ORAC chuig an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS) chun déileáil le tosaíochtaí ansin.

Ag deireadh na bliana, cé go raibh 541 cás le próiseáil san Oifig, ní raibh ach 67 cás díobh sin idir lámha le breis agus sé mhí.

Sa bhliain 2010, sceidealadh gach iarratas a próiseáladh faoi Threoir Bheartú Tosaíochta ón Aire (ach amháin cásanna nárbh fhéidir a phróiseáil ar chúiseanna míochaine nó ar chúiseanna an-láidre eile) le haghaidh agallaimh laistigh de 9 go 12 lá oibre ó dháta an iarratais agus críochnaíodh iad laistigh de uasmhéid de 8 lá oibre eile, a thug tréimhse phróiseála iomlán de 17 go 20 lá oibre ar an meán ó dháta an iarratais.

Próiseáladh gach cás eile (ach amháin cásanna nárbh fhéidir a phróiseáil ar chúiseanna míochaine nó ar chúiseanna an-láidre eile) chun críche taobh istigh de 8 go 9 seachtaine don chuid is mó den bhliain. Sa cheathrú deiridh, leathanaigh meán-amanna próiseála go 9 go 10 seachtaine a thóg an t-aistriú foirne chuig INIS san áireamh, ar a rinne mé trácht air ní ba luaithe.

Lean an Oifig ag baint an t-uasmhéid d'úsáid agus b'fhéidir as Rialachán Comhairle (AE) Uimh. 343/2003 (Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II), a gcinntíonn an Stát Conraithe Rialacháin atá freagrach as iarratas ar thearmann a phróiseáil. Rinneadh 263 cinneadh Rialacháin AE Bhaile Átha Cliath II i 2010, i gcomparáid le 402 i 2009. Bhí an titim i líon na gcásanna ar aon dul leis an titim i líon na n-iarratas ar thearmann go ginearálta don bhliain uile.

Lean an creatlach méarlorgaíochta EURODAC ag tacú le hoibríochtaí ORAC i 2010 i gcomhthéacs feidhmithe an Rialacháin AE Bhaile Átha Cliath II. Le linn na bliana, seoladh 1,515 seit méarlorg ó iarratasóirí ar thearmann chuig EURODAC agus dearbhaíodh 208 meaits, a thaispeáin go rinneadh na hiarratasóirí seo iarratas i stáit chonraithe eile.

Lean an AVATS (Uathchóras Iarratas agus Rianaithe Víosa) de chuid an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann mar chabhair ar chúinsí próiseála.

Bhí ionadaí agam i gcónaí i 2010 ag éisteachtaí achomhairc os comhair an Bhinse Achomharc do Dhídeanaithe (RAT) agus, i gcomhairliú le RAT, chinntigh an Oifig go bhféadfadh Oifigigh Láithreoireachta an t-uasmhéid éisteachtaí sa tseachtain a sheirbhísiú.

Ina theannta sin, baineadh lán-úsáid as Painéal Dlí Láithreoireachta na gcéimithe dlí, a bunaíodh i mí Feabhra 2009 chun críocha cumas ORAC a uasmhéadú ó thaobh éisteachtaí. De thoradh air seo, bhí díbirt fhíorúil ar an gcúlú de chásanna sa Bhinse Achomharc do Dhídeanaithe le bheith sceidealta le 1,828 éisteacht seirbhísithe ag an Aonad Láithreoireachta i 2010 agus 3,190 i 2009.

Tá áthas orm a nótáil freisin gur fhan líon na ndúshlán dlí i gcoinne mholtaí na hOifige ag leibhéal sách íseal, i gcomparáid leo siúd a fuarthas ar bhonn bliantúil roimh 2009. Lean sé sin breithiúnas tábhachtach de chuid na Cúirte Uachtaraí i bhfabhar na hOifige in Eanáir 2009, agus scata breithiúnais ar a lorg sin ar leibhéal na hArd-Chúirte, inar leagadh síos na prionsabail dlí faoin gcinntítear achomhairc chuig RAT, seachas imeachtaí athbhreithnithe breithiúnacha a thionscain. De thoradh air seo, aistarraingíodh líon suntasach cásanna le linn 2009 agus bhí moill ar líon na n-iarratas nua le haghaidh athbhreithnithe breithiúnacha. Léiríonn an t-ardú uimhriúil beag i líon na gcásanna i 2010 (ó 92 i 2009 go 112 i 2010 - ardú de 20 cás), an t-ardú i líon na ndúshlán tógtha maidir leis na hionstraimí dlíthiúla ar thearmann de chuid an AE. Lean athbhreithniú leanúnach ORAC agus feabhsuithe ar a nós imeachta agus ar a phróiseas, chomh maith le hoiliúint agus forbairt foirne, mar chúis leanúnach leis an laghdú ar athbhreithnithe cúirte.

Ar aon dul lenár ngeallta faoi mar a leagtar síos inár bPlean Aicsin Sheirbhís Custaiméara 2010 - 2012, leanamar ag déanamh monatóireachta ar cháilíocht na seirbhíse a chuirimid ar fáil dár gcustaiméirí le linn na bliana. Reáchtáladh Suirbhé Custaiméara i mí na Samhna/na Nollag 2010 a dhírigh ar cháilíocht na seirbhíse a chuirimid ar fáil do dhaoine a ghlaonn ar ár nAonad Fáiltithe, agus bhí na torthaí an-dearfach. Déantar iad a mhionsonrú sa tuarascáil seo. Reáchtáladh suirbhé inmheánach ar úsáid ár gcórais TF.

Lean an Fhoireann Idirlinne don Nós Imeachta nua Aonair dá cuid oibre maidir le pleanáil i gcomhair tabhairt isteach an Bille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2010, faoi réir ag a fhaomhadh ag an dá Theach Oireachtais, faoina dtabharfar ORAC isteach i Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS).

Chuimsigh clár oibre na Foirne Idirlinne forbairt a dhéanamh ar an gcáipéisiú, ar na próisis agus ar na beartais a theastaíonn chun an reachtaíocht nua a chur i bhfeidhm, chomh maith le lámhleabhair oiliúna lucht foirne a ullmhú maidir leis na córais agus nósanna imeachta nua.

Bhí ionadaí ag an Oifig i gcónaí ar shraith d'Fhoirne Tionscadail um Bainistiú ar Athrú a bhunaigh INIS chun réiteach i gcomhair na reachtaíochta nua.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don fhoireann in Oifig Bhaile Átha Cliath Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe (UNHCR) as ucht a gcabhair leanúnach le linn na bliana, go háirithe as oiliúint ar dhlí dídeanaithe a sholáthar agus ar nósanna imeachta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann san Ionad um Dhoiciméadú Dídeanaithe as a gcomhoibriú agus a dtacaíocht den scoth agus an tSeirbhís um Chúnamh d'Fhostaithe as a dtacaíocht leanúnach d'fhoireann ORAC.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le foireann na hOifige (an fhoireann san Aonad Seirbhísí Roinnte de chuid an INIS agus an Aonad Tuairiscithe agus Anailíse), chuir a n-obair dhian leanúnach, a dtiomantas agus a ngairmiúlachas ar ár gcumas againn ár gcuspóirí agus ár gcroífheidhmeanna a chomhlíonadh i 2010, agus ár n-oibleagáidí faoin dlí intíre agus idirnáisiúnta a bhaint amach.

David Costello
Coimisinéir

Ráiteas Bunchuspóra

Is é Ráiteas Bunchuspóra Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe de réir Acht na nDídeanaithe, 1996:

(i) imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhaoine atá ag lorg dearbhú um stádas dídeanaí agus moltaí cuí a eisiúint don Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí,

agus

(ii) imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhídeanaithe go gceadófaí do dhaoine ina dteaghlach teacht isteach sa Stát agus cónaí ann agus tuairisciú don Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí ar na hiarratais sin,

agus, dá réir sin, seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí trí bheartais agus nósanna imeachta atá cóir agus oscailte a chur i ngníomh, agus caitheamh le gach iarratasóir le cúirtéis agus le tuiscint.

Cé is Iarrthóir Tearmainn Ann?

Iarrthóir tearmainn is ea duine ar mian leis/léi aitheantas a fháil mar dhídeanaí de réir théarmaí Choinbhinsiún 1951 na Ginéive maidir le stádas dídeanaithe agus Prótacal gaolmhar 1967, a sholáthraíonn an bunús leis an gcóras idirnáisiúnta um chosaint dídeanaithe.

An Sainmhíniú ar Dhídeanaí

Seo a leanas an sainmhíniú ar dhídeanaí de réir Dlí na hÉireann; “duine atá, de dheasca eagla a bhfuil bonn léi go ndéanfar géarleanúint a imirt air nó uirthi ar chúiseanna cine, creidimh, nó náisiúntachta, nó ar chúiseanna comhaltas grúpa sóisialach ar leith nó tuairimí polaitíochta a bheith aige nó aici, lasmuigh de thír a náisiúntachta agus nach bhfuil sé nó sí in ann nó, de bharr na heagla sin, nach bhfuil sé nó sí toilteanach leas a bhaint as cosaint na tíre sin; nó duine, nach bhfuil náisiúntacht aige nó aici agus atá lasmuigh de thír a idirghnáthchónaithe nó a hiarghnáthchónaithe, nach bhfuil in ann nó, de bharr na heagla sin, nach bhfuil toilteanach filleadh uirthi…”.

Cuid 1

Réamhrá

Cuid 1 Réamhrá

An Creathlach Dlíthiúil

Faoi Acht na nDídeanaithe, 1996 bunaíodh dhá oifig neamhspleácha reachtúla i Samhain 2000 chun breithniú a dhéanamh ar iarratais/achomhairc le haghaidh stádas dídeanaí agus chun moltaí a dhéanamh don Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí i dtaobh ar chóir an stádas sin a dheonú. Is iad an dá oifig sin ná Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe (ORAC), a bhreithníonn iarratais ar dhearbhú mar dhídeanaí don chéad chéim agus an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, a bhreithníonn iarratais ar dhearbhú ag an bpointe achomhairc. [1]

Tá feidhmeanna reachtúla an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe leagtha amach in Acht na nDíndeanaithe, 1996 arna leasú leis an Acht Inimirce, 1999, leis an Acht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000, an Acht Inimirce, 2003 agus an Acht Inimirce, 2004. Sa tuarascáil seo, ciallaíonn an téarma "Acht na nDídeanaithe, 1996" Acht na nDídeanaithe, 1996 (arna leasú).

Ina theannta sin, bíonn aird ag an Oifig ar na hIonstraimí Reachtúla (I.R.) seo a leanas le linn di a gnó a sheoladh:

- I.R. Uimh. 344 de 2000 – Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Ionaid agus Dálaí Coinneála), 2000.
- I.R. Uimh. 345 de 2000 – Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Foirm Iarratais), 2000.
- I.R. Uimh. 346 de 2000 – Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Deimhniú Cónaí Sealadach), 2000.
- I.R. Uimh. 415 de 2003 – Na Rialacháin um an Acht Inimirce 2003 (Alt 7) (Tosach Feidhme), 2003.
- I.R. Uimh. 422 de 2003 – An tOrdú um Acht na nDídeanaithe 1996 (Tíortha Tionscnaimh Sábháilte), 2003.
- I.R. Uimh. 423 de 2003 – An tOrdú um Acht na nDídeanaithe 1996 (alt 22), 2003.
- I.R. Uimh. 424 de 2003 – Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Achomhairc), 2003.
- I.R. Uimh. 714 de 2004 – An tOrdú um Acht na nDídeanaithe 1996 (Tíortha Tionscnaimh Sábháilte), 2004.
- I.R. Uimh. 518 de 2006 – Rialacháin na bPobal Eorpacha (Cáiliú do Chosaint) 2006.

Feidhmeanna an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe

Deirtear in Acht na nDídeanaithe, 1996, go mbeidh an Coimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe neamhspleách i bhfeidhmiú a chuid nó a cuid feidhmeanna, ar feidhmeanna idir reachtúil agus neamhreachtúil iad. Is iad na freagrachtaí ríthábhachtacha reachtúla ná:

[1]Tá cur síos cuimsitheach ar an bpróiseas tearmainn ar fáil ar shuíomh gréasáin ORAC (www.orac.ie).

- imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhaoine atá ag lorg dearbhú ar stádas dídeanaí agus moltaí cuí a eisiúint don Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, ar na hiarratais sin,

  agus

- imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhídeanaithe go gceadófaí do dhaoine ina dteaghlach teacht isteach sa Stát agus cónaí ann agus tuairisciú don Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí ar na hiarratais sin.

Faoi Acht na nDídeanaithe, 1996 is é freagracht an Choimisinéara chomh maith:

- Deimhnithe Cónaí Sealadach a eisiúint do lucht iarrtha tearmainn.
- cloígh le haon ordúcháin ón Aire maidir le tosaíocht do chatagóirí áirithe iarrthóra.
- cur i láthair chás an Choimisinéara chuig an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe a threorú i gcás go ndéantar achomharc chun an Bhinse in aghaidh moltaí arna ndéanamh ag an gCoimisinéir.
- faisnéis, a ndéantar foráil ina leith i reachtaíocht, a sholáthar don UNHCR agus do ghníomhaireachtaí Rialtais chuí.
- mionaoisigh gan duine ina gcuideachta a atreorú chuig Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte de réir alt 8(5) d'Acht na nDídeanaithe, 1996.

Cé gur ar an gCoimisinéir atá an fhreagracht dheiridh as na feidhmeanna reachtúla sin a chomhlíonadh faoi Acht 1996, féadfaidh an Coimisinéir na feidhmeanna sin a tharmligean chuig comhalta foirne ar bith.

Tá feidhmeanna neamhreachtúla ag an gCoimisinéir freisin. Orthu seo tá:

- a chinntiú maidir le gach iarratas ar thearmann ag an gcéad chéim go ndéantar iad a phróiseáil agus go bpléitear leo go cothrom, go cúirtéiseach agus go héifeachtach.
- ordúcháin a eisiúint ar fheidhmiú praiticiúil Acht na nDídeanaithe, 1996 agus ar nósanna imeachta agus caighdeáin oibre.
- a chinntiú go bhfuil faisnéis leordhóthanach ar thíortha tionscnaimh iarratasóirí tearmainn agus ar an dlí-eolaíocht agus ar an gcleachtas idirnáisiúnta i réimse an tearmainn ar fáil don fhoireann.
- páirt a ghlacadh i bhfóraim idirnáisiúnta ar chúrsaí tearmainn.
- bainistiú a dhéanamh ar fheidhmíocht foirne agus ar oiliúint agus forás.
- plé le ceisteanna ón bpreas.
- an buiséad, an Ráiteas Straitéise agus Plean Gnó na heagraíochta a ullmhú agus a bhainistiú.

Luachanna Ríthábhachtacha na hOifige

Is iad na luachanna ríthábhachtacha is bonn treorach d'obair na hOifige ná:

- **Neamhspleáchas** – Neamhspleáchas maidir le próis agus cinnteoireacht.

- **Cothrom na Féinne** – Nósanna imeachta cothroma a chuirtear in iúl d'iarrthóirí tearmainn.

- **Daingne** – Daingne maidir le hoibleagáidí reachtúla a chur chun feidhme.

- **Fónamh do na príomhpháirtithe leasmhara** – Tiomantas i leith seirbhíse d'iarratasóirí agus do pháirtithe leasmhara eile mar chuid dár dtiomantas foriomlán do sheirbhís éifeachtach a sholáthar do chustaiméirí.

- **Inrochtaineacht -** Teacht ar scéimeanna agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

- **Tiomantas don fhoireann** – A aithint gurb iad an fhoireann an acmhainn is luachmhaire dá bhfuil ag an Oifig agus timpeallacht a chothú inar féidir leo obair éifeachtach a dhéanamh agus an gealladh atá iontu féin a fhorbairt chun leas na hOifige go sonrach agus chun leas a saoil oibre féin i gcoitinne.

- **Tiomantas don sárchaighdeán** – Obair a dhéanamh ar chaighdeán a chinnteoidh torthaí ardcháilíochta agus tráthúla.

- **Oscailteacht** – Cumarsáid a dhéanamh le hiarrthóirí tearmainn, leis an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe, le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha, agus leis an bpobal ar shlí a spreagann iontaoibh as oibriú na hOifige.

- **Éifeachtacht maidir le húsáid acmhainní** – A chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtach as na hacmhainní atá ar fáil gan cur isteach ar chaighdeáin.

- **Comhpháirtíocht -** Cur chuige comhpháirtíochta a ghlacadh i leith nuála san ionad oibre agus bainistiú ar athruithe agus cultúr rannpháirtíochta, oscailteachta agus measa frithpháirtigh a chothú.

Maoiniú agus Foireann don Oifig

Is é an Stát, tríd an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, a chuireann an maoiniú ar fáil le haghaidh Oifige an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe. Foráiltear in Acht 1996 gur "Státseirbhísigh de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Seirbhíse, 1956, a bheidh i gcomhaltaí fhoireann an Choimisinéara."

Foráiltear in Acht 1996 freisin go bhféadfaidh "an Coimisinéir aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna faoin Acht seo a tharmligean chuig aon chomhaltaí d'fhoireann an Choimisinéara ach na feidhmeanna a bhronntar ag alt 7".

Seachas foireann na seirbhísí, ainmnítear gach comhalta foirne mar oifigeach údaraithe ar a c(h)eapadh.

Ceanglais Tuairiscithe

Is iad ceanglais tuairiscithe an Choimisinéara, mar atá leagtha amach in Acht 1996, na cinn seo a leanas:

- tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí ar a chuid nó a cuid gníomhaíochtaí tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis deireadh gach bliana. Leagfaidh an tAire cóip den Tuarascáil Bhliantúil os comhair gach Tí de Thithe an Oireachtais.
- an fhaisnéis chuí go léir a sholáthar don Aire, ar bhonn leanúnach, chun a chur ar a chumas nó ar a cumas cuntasacht agus freagracht an Aire a fheidhmiú i ndáil leis an Oifig.
- gach cuntas is cuí agus is gnách a choimeád ar an airgead uile a gheofar nó a chaithfear agus gach cuntas speisialta (más ann) mar a d'ordódh an tAire.
- na cuntais sin a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh ar dháta a shonróidh an tAire. Cuirfear cóip de na cuntais sin nó sliocht astu ar fáil don Aire mar aon le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus cuirfidh seisean nó sise iad araon faoi bhráid gach Tí de Thithe an Oireachtais.

(Faigheann Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe leithroinnt bhliantúil cistí arb é nó í Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí an tOifigeach Cuntasaíochta ina leith agus áirítear cuntais na hOifige i gcuntais bhliantúla na Roinne.)

Cuid 2

Forbairtí Ríthábhachtacha i 2010

Cuid 2 - Forbairtí Ríthábhachtacha i 2010

Próiseáil Iarratas

- Arís i 2010 bhí titim shuntasach i líon na n-iarratas ar thearmann don dara bhliain as a chéile. Fuarthas 1,939 iarratas ar thearmann. Is laghdú é seo de 27.9% ar an 2,689 iarratas a fuarthas i 2009. Bhí 162 iarratas ar an meán i aghaidh na míosa. Bhí an mhéid is mó d'iarratas i mí Eanáir 2010, am a rinneadh 189 iarratas. Tá líon na n-iarratas anois ag an leibhéal céanna is a bhí siad i lár na nóchaidí.

- Sheas an chéad chúig thír ar iarratas mar 49.3% d'iarratas do 2010. Díreach cosúil le 2009, bhí an Nigéir ar an tír leis an méid iarratais is mó – sheas sé do 20% de na hiarratais. Ina dhiaidh seo bhí an tSín (11.8%), an Phacastáin (10.3%), Poblacht Dhaonlathach an Chongó (3.7%) agus an Afganastáin (3.6%). Ba iad na cúig phríomhthír a rinne iarratas i 2009 ná an Nigéir, an Phacastáin, an tSín, Poblacht Dhaonlathach an Chongó agus an tSiombáib.



Taispeánann an léarscáil thuas an leathadh tíreolaíochta de thíortha foinse tearmainn i 2010.

- Ag leanúint leis an gclaonadh céanna atá feicthe le cúpla bliain anuas, arís chonaiceamar líon mór thíortha le líon beag iarratais. Mar shampla, tháinig 3 iarratas nó níos lú ó 31 tír. Ar an iomlán bhí 33 tír ann as a dtáinig breis is 10 iarratasóir an ceann.

- D'fhan an cóimheas iarratais fhireannacha go bhaineannacha i 2010 mar a chéile leis na blianta roimhe, ag timpeall 2-go-1.

- Ag deireadh 2010, den 541 iarratas a bhí idir lámha, bhí 67 acu breis agus sé mhí d'aois. Go bunúsach, is éard is brí leis seo ná go raibh ORAC ag próiseáil cásanna a fuarthas i 2010.

- Cuireadh 2,192 cás i gcrích, i gcomparáid le 3,908 i 2009. Ba cheart a nótáil, áfach, gurb ionann líon na gcásanna a cuireadh i gcrích agus méadú de 13% ar an líon iarratas a fuarthas le linn na bliana. Bhí líon na moltaí a rinneadh i 2010 níos lú ná 2009 mar gheall ar an titim ghinearálta i líon na n-iarratas ar thearmann agus de thoradh ar an aistriú de ghrúpa oibrithe cáis ORAC chuig an INIS chun déileáil le tosaíochtaí oibre ansin.[2]

- Próiseáladh 6.9% d'iarratais faoin Treoir Bheartú Tosaíochta ón Aire i 2010, rud a tugadh isteach le reachtaíocht mí Mheán Fómhair 2003. I ndáiríre, sceidealadh gach iarratas tosaíochta (ach amháin cásanna nárbh fhéidir a phróiseáil ar chúiseanna míochaine nó ar chúiseanna an-láidre eile) le haghaidh agallaimh laistigh de 9 go 12 lá oibre ó dháta an iarratais agus críochnaíodh iad laistigh de uasmhéid de 8 lá oibre eile, a thug tréimhse phróiseála iomlán de 17 go 20 lá oibre ó dháta an iarratais.

- I gcomhthéacs dúshlán dlí, chúlghair an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí an Treoir Thosaíochta i leith iarratais ón Nigéir ón 1 Márta 2010.

- Próiseáladh gach cás eile chun críche taobh istigh de 8 go 9 seachtaine don chuid is mó den bhliain (seachas cásanna nárbh fhéidir a phróiseáil ar chúiseanna míochaine, ar chúiseanna an-láidre eile nó, mar shampla, ar imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh). Sa cheathrú deiridh de 2010 leathnaíodh meán-am próiseála go 9 go 10 seachtain. Socraítear amanna próiseála i leith réimse fachtóir lena n-áirítear ráta athraithe fhoireann oilte agus castacht líon na gcás.

- Bhí ar gach iarratasóir ar thearmann comhoibriú leis an bpróiseas tearmainn, ar aon dul le forálacha Acht na nDídeanaithe, 1996. Sa chás gur theip ar iarratasóirí i leith seo, aistarraingíodh a gcásanna. Ar an iomlán, bhí 525 cás sa chatagóir seo i 2010.

- Fuarthas 37 iarratas i 2010 ó mhionaoisigh gan duine fásta ina gcuideachta ag lorg tearmainn, rud is ionann agus 1.9% den líon iomlán iarratas a fuarthas. Cuireadh na hiarratasóirí seo faoi agallamh laistigh de 20 lá ón dáta a fuarthas a n-iarratas agus eisíodh moltaí laistigh de 10 lá nó mar sin ón agallamh, a thug am próiseála de 6 sheachtain. Ba é an tréimhse phróiseála maidir le hiarratais ó mhionaoisigh gan duine ina gcuideachta a bhí mar ábhar le Treoir Bheartú Tosaíochta ón Aire 5 sheachtain ó dháta an iarratais.

- Leanadh le tosaíocht a thabhairt de réir na riachtanas reachtúla d'iarratais ar thearmann ó dhaoine a bhí faoi choinneáil. Fuarthas 130 iarratas ar an iomlán ó

[2] Mar chuid dár bpolasaí gluaiseachta foirne, chomh maith leis an ngá atá ann feidhm agus úsáid cheart a baint as acmhainní, bhog tuilleadh oibrithe cáis chuig Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS) le linn na bliana chun cuidiú le próiseáil cosanta coimhdí agus iarratais chead fanachta agus tosaíochtaí oibre eile ann. Chomh maith leis sin, bhí laghdú ar líon foirne na heagraíochta de bharr Scéim Luathscoir Dhreasaithe an Rialtais agus fáthanna eile. Mar shampla, leithdháileadh 36.8 foireann chuig an roinn um phróiseáil cáis ag tús 2010. Faoi dheireadh na bliana bhí sé seo laghdaithe go 19 - laghdú de níos mó ná 48%. Ach, leanadh le monatóireacht leanúnach ar na scálaí ama próiseála agus gníomhaíodh chun an sceideal agallaimh a bhainistiú agus a chinntiú nach raibh mórán moilleanna ann.

dhaoine faoi choinneáil, rud is ionann agus 6.7% de na hiarratais ar fad a fuarthas i 2010.

- Le linn 2010, cuireadh na heochairstráitéisí chun tacaíocht a thabhairt do na Spriocanna Ardleibhéil mar a leagtar síos i Ráiteas Straitéiseach 2010-2012 curtha i bhfeidhm, go héifeachtach. Chuimsigh siad seo úsáid agus feidhm a bhaint as acmhainní d'fhonn an t-uasmhéid de chinntí cáilíochta agus rúpacha ar bhonn dlí a sheachadadh. Lean an UNHCR agus a scoth-oiliúnóirí ag soláthar tacaíocht den scoth chuig an Oifig de réir mar ba ghá.

- Tosaíocht ab ea í i gcónaí don Oifig ardleibhéil cáilíochta a choimeád in imscrúdú agus i bpróiseáil iarratas ar thearmann agus bhí sé ar cheann dár Spriocanna Ardleibhéil mar atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2010-2012. D'éirigh linn é sin a dhéanamh le forás leanúnach foirne, oiliúint ar ardchaighdeán agus meantóireacht. Chomh maith le seiceáil a dhéanamh ar oibrithe cáis agus maoirseoirí agus an chuid is mó de mholtaí a chur i bhfeidhm, bhí sé d'acmhainn againn seiceáil cáilíochta a dhéanamh ar suas go 10% de chásanna ar bhonn míosúil. Anuas air seo, rinneamar athbhreithniú ar na fáthanna taobh thiar de chinntí leath-thaobhacha ar fad an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe agus scrúdaíomar toradh gach cás Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh nach raibh fabhrach i leith ORAC. Cuireadh feabhas ar nósanna imeachta ORAC de réir mar a theastaigh sé de thoradh an aiseolais ó na próisis athbhreithnithe seo.

- Ar aon dul le gnáthchleachtas, seachadadh oiliúint maidir le cinneadh stádas dídeanaí (RSD) do bhaill foirne nuacheaptha le linn na bliana.

- Rinneamar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar próifíl na n-iarratasóirí agus claonadh ar bith ag teacht chun solais i leith an chineáil cáis. Lean oiliúint sainfheidhmeach do bhaill foirne d'fhonn é a chur ar a gcumas acu déileáil go tuisceanach agus go cuí le grúpaí soghortaithe amhail íospartaigh gáinneála agus páistí gan duine ina gcuideachta ag lorg tearmainn.

- Lean an Oifig ar aghaidh ag obair i gcomhar le hAonad Frithgháinneála ar Dhaoine na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí agus le Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda (GNIB) chun íospartaigh poitéinsiúla gáinneála a aithint. Ina theannta sin leanamar le teagmháil leanúnach a choinneáil le Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS) agus an Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda (GNIB) faoi chúrsaí éagsúla laistigh dár gcreatlach reachtúil chun iomláine an phróisis tearmainn a chosaint.

- I 2010, lean foireann ORAC ag glacadh páirte i gcainteanna i nGrúpaí Oibre an AE ábhartha ar leasuithe ar Nósanna Imeachta Tearmainn an AE agus Treoir Cáilíochta Tearmainn an AE agus na Rialacháin Bhaile Átha Cliath II agus EURODAC an AE. Socraíonn an Rialachán thuas an Ballstát de chuid an AE freagrach as iarratas ar thearmann déanta ag náisiúnaigh tríú tír agus pléann an ceann deiridh, inter alia, le méarlorg a thógáil ó na hiarratasóirí seo.

- Lean 90% d'oibrithe cáis ag baint úsáide as ríomhairí glúine ag agallaimh shubstainteacha. Chuir sé seo feabhas ar cháilíocht na nótaí agallaimh d'iarratasóirí agus a n-ionadaithe dlí agus chuir sé ar a gcumas ag oibrithe cáis rochtain díreach a

bheith acu ar an bhFaisnéis Thíortha Tionscnaimh (COI) agus tuairiscí eile ar féidir brath orthu ag na hagallaimh shubstainteacha. Sa chas go raibh ráitis iarratasóirí ag teacht salach ar fhíorais ar eolas i gcoitinne agus ar fhaisnéis ar féidir brath uirthi san fhearann poiblí, bhí agallóirí in ann na tuairiscí seo a chur os comhair an iarratasóra ag a (h)agallamh agus an deis a thabhairt dó/di trácht a dhéanamh ar na fíorais sin agus tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh (más gá), sula ndéantar an cinnidh deiridh.

- I gcaitheamh na bliana, lean ORAC ag baint an úsáid is mó as Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II, faoina gcinntítear cén Stát Conraithe Rialacháin atá freagrach as iarratas ar thearmann a phróiseáil. Rinneadh 263 cinneadh Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II san Oifig i 2010 i gcomparáid le 402 i 2009. Seasann sé seo do 12% de chásanna curtha i gcrích le linn 2010, i gcomparáid le 10.3% i 2009. Lean béim ORAC ar úsáid a bhaint as an Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II ag tógáil stair víosa agus cónaithe san áireamh, nach raibh gafa ag an córas méarloirg EURODAC, agus riaraithe do i nDlí an AE. De thoradh air seo, thángthas ar iarratasóirí a bhain Éire amach chun iarratas ar thearmann a dhéanamh agus iad ag rá nach bhfuil aon fhoinse aitheantais ná aon doiciméad taistil acu, tar éis dóibh víosa a fháil do Stát Conraithe eile den Rialachán. De thoradh air seo tháinig níos mó cinntí ó stair víosa nó cónaithe.

- Leanadh den fhorbairt ar an gcomhoibriú le Stáit eile Conraithe maidir le próiseas Bhaile Átha Cliath II an AE.

- Tugadh éisteacht don shaincheist maidir le haistrithe chuig an nGréig faoi Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II a lorg réamhrialú ar an ábhar ó Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa ar an 11 Deireadh Fómhair 2010.

- Lean an líonra méarlorgaíochta EURODAC ag tacú le hobair ORAC le linn 2010 i gcomhthéacs feidhmithe an Rialacháin AE Bhaile Átha Cliath II. Le linn na bliana, tógadh 1,515 méarlorg agus cuireadh chuig EURODAC iad agus dearbhaíodh comhoiriúint i gcás 208 (14%) acu.

- Mar chuid den phróiseas iarratais ar thearmann, tosaíodh ag tógáil méarlorg iarratasóirí ó mhí na Samhna 2000. Tosaíodh ag déanamh scriosta ar mhéarloirg de 10 mbliana d'aois i mí Dheireadh Fómhair 2010 ar aon dul le díotha Acht na nDídeanaithe, 1996. Scriosadh 3,109 méarlorg faoi dheireadh Nollag 2010. Bheadh scrios déanta cheana féin ar mhéarloirg na ndaoine ar a bhronnadh saoránacht, sna blianta eadrannacha, faoi théarmaí an Achta 1996.

- Lean ORAC ag baint úsáide as AFIS (Córas Uathaitheanta Méarlorg), a sholáthraíonn acmhainn méarlorgaíochta feabhsaithe maidir le hiarratasóirí ar thearmann. Cuireann AFIS le cumas ORAC i leith malairte eolais leis an gcóras EURODAC agus chun teacht ar iarratais iolracha ar thearmann. Bhí córas AVATS (Uathchóras Iarratas ar Víosa agus Rianaithe) de chuid Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann, a bhaintear úsáid as i bhFáiltiú ORAC agus in Aonaid Bhaile Átha Cliath, ina chabhair freisin chun teacht ar iarratais ar thearmann ina bhfuair iarratasóir víosa Éireannach ach nár dearbhaíodh pas ná cáipéisiú ábhartha eile go ORAC.

- Is iomaí iarratasóir nach soláthraíonn pas nó fianaise dhoiciméadach eile chun tacú lena gcéannacht nó lena náisiúntacht ráite nó aon doiciméid taistil a thaispeánfadh cé

mar a tháinig siad isteach sa Stát. Ach ag an am céanna léiríonn cuid de na hiarratasóirí seo gur thaistil siad go dtí an Stát ar eitleán, rud a chiallódh go mbeadh doiciméid chéannachta, lena n-áirítear víosa ag an bpointe fágála d'eitiltí, de dhíth orthu. Lean an úsáid leanúnach de Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II, EURODAC, AFIS agus AVATS chomh maith le comhoibriú níos fearr le Ballstáit eile de chuid an AE, an Ríocht Aontaithe ach go háirithe, le linn 2010, ag soláthar eolais ar iarratasóirí le féiniúlachtaí iolracha agus iarratais tearmainn iolracha san AE.

- Cuidíonn an tAonad Imscrúdaithe agus Idirchaidrimh de chuid ORAC, bunaithe i 2009 chun forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh chun teacht ar mhí-úsáid chóras tearmainn an Stáit agus í a sheachaint, le himscrúdú saincheisteanna inchreidteachta. Cé go bhfuil sé mar phríomhchuspóir reachtúil na hOifige imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ar thearmann de réir na creatlaí reachtúla baile agus AE chomh maith le coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha, ceann de na fabhair is tábhachtaí ar thoradh imscrúdaithe ná hinchreidteacht iarratasóra. Lean an tAonad le bheith ina phointe idirchaidrimh d'eagraíochtaí Stáit eile cosúil leis an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann, Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda, Aonad Frithgháinneála ar Dhaoine na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí agus Ballstáit eile an AE. Sholáthair an tAonad tacaíocht chuí d'fhoireann próiseála cáis ORAC agus iad ag ullmhú le haghaidh agallamh.

- Fuarthas 323 iarratas ar Athaontú Teaghlaigh i 2010, laghdú de 28.2% ar fhigiúr 2009. Le linn 2010, tugadh faoi athbhreithniú ar oibríochtaí an Aonaid Athaontú Teaghlaigh d'fhonn éifeachtacht agus cáilíocht an phróisis imscrúduithe a uasmhéadú. De thoradh na nósanna imeachta athbhreithnithe rinneadh forbairt ar imscrúdú níos doimhne agus níos cuimsithí i gcomhthéacs Acht na nDídeanaithe, 1996, ar gach iarratas d'fhonn an cás a thógáil chuig an bpointe is giorra agus ab fhéidir sula gcuirtear ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí é don chinneadh deiridh. Chiallaigh sé seo go raibh na tréimhsí próiseála ó fháil an chomhaid ón Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí go dtí eisiúint an tuarascála Alt 18 faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, sínte amach le linn na bliana.

- Le linn 2010, bhí ionadaí ag an gCoimisinéir i gcónaí ag éisteachtaí achomhairc os comhair an Bhinse Achomharc do Dhídeanaithe (RAT) ag Oifigigh Láithreoireachta nó baill den Phainéal Láithreoireachta d'abhcóidí agus d'aturnaetha. Choinníodh ardleibhéal sceidealú ar feadh na bliana, chun freastal ar dhíotha an Bhinse Achomharc do Dhídeanaithe agus d'fhonn a chinntiú go raibh an fhéidearthacht ann freastal ar an uasmhéid éisteachtaí sa tseachtain. Freastalaíodh ar 1,828 éisteacht i 2010 i gcomparáid le 3,190 i 2009, rud a chiallaigh go bhfuarthas réidh leis an moill a bhí ar chásanna chuig an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe. Bhí titim i líon na gcásanna ar a rinneadh freastal orthu a bhuí le laghdú i líon na n-achomharc ar fáil mar gheall ar líon na gcásanna a próiseáladh i 2009 agus an laghdú in iarratais ar thearmann go ginearálta sa Stát.

- Oileadh gach Oifigeach nua Láithreoireachta agus gach Ball Painéil a sannadh don Aonad go hiomlán i nósanna imeachta RSD, in oiliúint shainiúil oibrithe cáis agus in oiliúint i bhfeidhm na Láithreoireachta sular sannadh cásanna dóibh le tabhairt os comhair an Bhinse. Lean comhghleacaithe níos cleachta d'oiliúnú agus de mheantóireacht a thabhairt dóibh, mar is iomchuí.

- Déileáladh le gach ceist alt 16(6) a fuair an tAonad Láithreoireachta ó Bhinse Achomharc na nDídeanaithe laistigh de na tréimhsí ama socraithe. Fuarthas 77 fiosrú alt 16(6) i 2010.

- Lean athbhreithniú breithiúnach le bheith dúshlánach don eagraíocht. Ach, faoi réir treonna dearfacha i 2009, bhí líon na gcásanna nua a fuarthas níos lú ná an méid a fuarthas i 2008. Fuarthas 112 agóid dlíthiúla[3] le linn 2010 (lena n-áirítear 24 cás maidir le Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II[4]) i gcomparáid le 92 cás le linn 2009. Fuarthas 266 agóid dlíthiúla i 2008. Bhí tionchar ag dlí-eolaíocht thábhachtach den Ard-Chúirt agus den Chúirt Uachtarach ar iomchuibheas achomhairc chuig Binse Achomharc na nDídeanaithe in ionad tús a chur le hiomthús athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar thitim líon na n-agóidí dlíthiúla. Ba chlaonadh spéisiúil le linn na bliana an méadú sna dúshláin bunaithe ar ateangaireacht dlí an Aontais Eorpaigh, Treorach Nósanna Imeachta Tearmainn an AE agus Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II san áireamh.

- Ar an ábhar nach bhfuil na cásanna tosaigh i leith na bpointí dhlí an Aontais Eorpaigh curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana, bhí líon na gcásanna nach bhfuil curtha i gcrích i gcoinne ORAC cosúil le 2009. Bhí 191 dúshlán dlíthiúla nach raibh curtha i gcrích i 2010, i gcomparáid le 190 cás ag deireadh 2009. Ach, is laghdú suntasach é seo ar líon na gcásanna ag deireadh 2008, tráth a bhí 488 cás nach raibh curtha i gcrích.

- Ba é caiteachas faoin gceannteideal ‘costais dhlíthiúla’ i 2010 €1,201,902.02, méadú beag de 6.3% i gcomparáid le €1,130,946.00 i 2009. Bhain an-chuid de chaiteachas 2010 leis an tréimhse roimh 2010, agus i go leor cásanna, ag dul siar cúpla bliain. Déantar íocaíochtaí ORAC faoin gceannteideal seo faoi réir Bhillí Costais a chuireann ionadaithe dlíthiúla iarratasóirí faoi ORAC (tar éis ceantála Oifig na Rannóige Cuntais agus Costais de chuid an Phríomh-Aturnae Stáit) i leith, mar shampla, athbhreithnithe breithiúnacha curtha i gcrích nó caillte ag ORAC. Is minic an bhíonn moill shuntasach – cúpla bliain amantaí – in umhlú Bhillí Costais. Mar sin, tá moill ama athraithigh idir chásanna a chur i gcrích os comhair na gcúirteanna agus na Billí Costais a umhlú, rud nach bhfuil smacht ar bith ag ORAC air.

- Is é polasaí dlí ORAC gach athbhreithniú breithiúnach a chosaint go dólámhach ach amháin má tá sé soiléir gur rinneadh botún i gcinneadh a sheasann le réiteach na gluaiseachtaí. Sa chás ina dtarlaíonn a leithéid, déantar gach iarracht cás a réiteach chomh luath agus is féidir d'fhonn aon chostas féidearthacht ar an Stát a laghdú. Anuas air seo, tá nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta cuimsithí i bhfeidhm againn d’fhonn an fhéidearthacht tús a chur le hathbhreithnithe breithiúnacha (nó iad a chailleadh) sa chéad chéim.

- Le linn 2010, lean ORAC ag baint úsáide as córais agus nósanna imeachta taighde um Thíortha Tionscnaimh (COI) le leasaithe chun dáta de réir mar a theastaíonn siad.

[3] Cé go bhfuil an chuid is mó de dhúshláin dhlíthiúla chuig ORAC mar athbhreithnithe breithiúnacha, faightear líon beag eile freisin mar shampla foláirimh agus fógraí de chineálacha eile.
[4] Rialachán an Chomhairle (AE) Uimh. 343/2003 de 18 Feabhra 2003 ag bunú na gcritéir agus na meicníochtaí chun an Ballstát freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann déanta i mBallstát eile ag náisiúnaí tríú-páirtí.

Rinneadh Bunachar Sonraí d'Eolas Comhroinnte d'Oibrithe Cásanna Leithleacha (CSK) á thabhairt cothrom le dáta i gcónaí chun acmhainn taighde a sholáthar i gcomhair úsáideoirí na hOifige atá bainteach leis an bpróiseas tearmainn. Ag leanúint ó chainteanna leis an roinn próiseála cáis, cuireadh tús le hathbhreithniú ar Bhunachar Sonraí CSK sa cheathrú deiridh de 2010, forbairt ar an áis cartlainne san áireamh. Baineadh an úsáid ba mhó agus ab fhéidir as acmhainní an Ionaid Doiciméadaithe do Dhídeanaithe (RDC), go háirithe a áis r-leabharlainne.

- Lean an Oifig dá dlúthchomhar leis an Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe (RDC), ina dtagann siad le chéile go rialta le linn na bliana. Coinnítear dlúth-theagmháil leis an RDC d'fhonn a chinntiú go bhfuil an COI a theastaíonn ar fáil do phróiseáil cáis leanúnaigh faoi Acht na nDídeanaithe, 1996 agus do thabhairt isteach an Nós Imeachta Aonair pleanáilte faoin mBille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2010. Chomh maith leis sin, le linn 2010, thosaigh an RDC ag soláthar tacaíocht taighde don Aonad Athaontaithe Teaghlaigh de chuid ORAC.

- Nuair a mheasadh go raibh sé úsáideach, lean ORAC le tástáil anailíse teanga le linn an phróisis céad chéime cinnidh stádais dhídeanaithe, nó ar iarratas an Bhinse Achomharc na nDídeanaithe. Is éard atá i gceist le hanailís teanga ná scrúdú a dhéanamh ar chaint duine d'fhonn a mheas, chomh cruinn agus is féidir, an féidir iarratasóir a chur sa cheantar tíreolaíochta nó mar chuid den phobal teanga as a d'éiligh siad teacht nó nach féidir. Is seirbhís shainfheidhmeach é tástáil anailíse teanga a sholáthraítear faoi chonradh d'ORAC ag comhlachtaí gairmiúla, idirnáisiúnta anailíse teanga. Freastalaíonn an iarratasóir ar agallamh, a bhíonn á éascú ag ORAC, agus labhraíonn an t-iarratasóir le hanailíseoir teanga ar an nguthán. Déantar an t-agallamh a thaifeadadh agus a anailísiú ag meitheal anailíseoirí agus teangeolaí. In ainneoin aon tástáil anailíse teanga, tugtar deis iomlán do gach iarratasóir ar thearmann a chás/a cás a chur i láthair ag agallamh substainteach. Má thugann an anailís teanga le fios nach ón gceantar a éilíonn aon duine mar ionad dúchais, bíonn sé sin ina údar amhrais le fiosrú in agallamh substainteach. Úsáidtear an tuarascáil anailíse teanga, faoi mar a iarrtar, mar chabhair chun measúnú i gcoitinne a dhéanamh ar an iarratas ar thearmann, in éineacht le gach mír eile den éileamh ar thearmann.

- Thóg an tAonad Polasaí agus Nósanna Imeachta nósanna imeachta éagsúla inmheánacha suas chun dáta le linn na bliana. Lean an tAonad seo ag cinntiú go raibh na polasaithe agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm san eagraíocht rúpach de réir dlí, agus i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta agus an AE. Lean an tAonad ag déanamh forbartha ar nósanna imeachta mar a theastaigh, agus athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar nósanna imeachta reatha agus iad a chur ar fáil don fhoireann ar bhealach so-aimsithe.

- Ar an 1 Márta 2010, ag eascairt as gluaiseachtaí athbhreithnithe breithiúnacha reatha maidir le cur i bhfeidhm an Treorach ar Nósanna Imeachta ar Thearmann de chuid an AE, chúlghair an tAire an Treorach Tosaíochta ó 11 Nollaig 2003, a thug tús áite d'iarratais ar thearmann déanta ag daoine le náisiúntacht na Nigéire. Ba é an toradh a bhí aige seo ná ón dáta sin ar aghaidh níor thug ORAC tosaíocht d'aon iarratas ar thearmann déanta ag daoine as an Nigéir.

- Bhí ionchur ag ORAC in obair agus d'fhreastal sé ar chruinnithe fóram ábhartha idirnáisiúnta a déileálann le ceisteanna tearmainn agus dídeanaí cosúil le Grúpaí Oibre de chuid an Aontais Eorpaigh, na Comhairlithe Idir-Rialtasacha ar Thearmann, ceisteanna Dídeanaí agus Imirce (IGC) lonnaithe sa Ghinéiv, Comhdháil Sheirbhísí Inimirce Stiúrthóirí Ginearálta an AE (GDISC) agus Eurasil (Líonra Eorpach do Chleachtóirí Tearmainn.)

- D'fhreastal an Coimisinéir ar an gcéad chruinniú den Oifig Tacaíochta Tearmainn Eorpaigh (EASO) i Samhain 2010. Is é an Coimisinéir ionadaí na hÉireann ar Bhord Bainistíochta EASO. Tá sé mar aidhm ag EASO cuidiú le feabhas a chur ar chur i bhfeidhm an chórais Tearmainn Eorpaigh Aonair, d'fhonn comhoibriú praiticiúil a neartú i measc Ballstát ar thearmann agus soláthar tacaíochta oibríochtúil a chur ar fáil agus/nó a chomhordú do Bhallstáit faoi réir brú áirithe ar a gcórais thearmainn agus fháiltithe.

Acmhainní Daonna/Oiliúint agus Seirbhísí Tacaíochta Inmheánacha

- Leanadh le cur i bhfeidhm an Stráitéis AD agus Tacaíochta Foirne (2009-2010) le réimse leathan geall curtha i gcrích nó curtha ar aghaidh. Rinneadh monatóireacht ar dul chun cinn cur i bhfeidhm na Straitéise seo i gcomhthéacs an phróisis Phleanáil Gnó. Ullmhaíodh agus eisíodh Tuarascáil Dul Chun Cinn chuig an gCoiste Páirtíochta agus Foirne i 2010. Cuireadh obair ar an tríú Stráitéis AD agus Tacaíochta Foirne i gcrích chun an tréimhse 2011-2013 a chlúdach le linn na bliana. Leanfaidh an Stráitéis seo ag soláthar creathlaí don eagraíocht go dtí go n-achtaítear an Bille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2010 agus go dtí go bhfuil ORAC fo-ghlactha chuig an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS).

- Lean cur i bhfeidhm an dara Stráitéis Oiliúna agus Forbartha (2009-2011) de chuid ORAC ar aghaidh agus cuireadh réimse leathan geall i gcrích nó chun cinn. Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo leanúint de bheith ag socrú spriocanna agus cuspóirí chun soláthar agus forbairt a dhéanamh ar an eolas, ar na scileanna agus ar na cumais a theastaíonn chun cabhrú le lucht foirne aidhmeanna na heagraíochta a bhaint amach agus soláthar a dhéanamh dá ndíotha forbartha pearsanta.

- Lean gach ball foirne ag glacadh páirte sa phróiseas Chóras Forbartha agus Bainistithe Comhlíonta (PMDS) le linn 2010.

- Le linn 2010, chuir an Oifig béim ar leith i gcónaí ar riachtanais na foirne i dtaca le forbairt agus oiliúint dírithe go sainiúil ar a gcuid oibre, agus freastal ar na riachtanais sin ar bhealach éifeachtach ó thaobh costais de. Ar an iomlán, cuireadh 457 aonaid oiliúna ar fáil do lucht foirne san eagraíocht le linn na bliana.

- Soláthraíodh réimse leathan oiliúint. Chomh maith le hoiliúint cinnidh stádas dídeanaithe, sholáthair an UNHCR i gcomhpháirtíocht leis an HSE, RLS agus RAT oiliúint páistí scartha. Bhí sé mar aidhm ag an oiliúint seo a chur ag a gcumas ag foireann déileáil go mothálach agus go cuí le daoine mionaoiseacha neamhthionlachta le linn an phróisis cinnidh stádas dídeanaí. Lean an soláthar d'oiliúint shainfheidhmeach d'fhoireann de réir mar a theastaigh sé d'fhonn iad a chumasú

déileáil go mothálach agus go cuí le grúpaí sobhuailte eile cosúil le íospartaigh gáinneála.

- Le tacaíocht ón Oifigeach Cabhrach Fostaithe, An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, leanadh leis an tionscadal tacaíochta piara d'fhoireann oibrithe cáis ORAC i 2010.

- Ina theannta sin, leanadh i gcaitheamh na bliana den obair ar siúl san Fhoireann don Nós Imeachta Aonair chun clár cuimsitheach oiliúna a fhorbairt do thosach feidhme (faoi réir ag a fhaomhadh ag dhá Theach an Oireachtais) an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2010.

- Soláthraíodh seisiúin 'Lón agus Foghlaim' do lucht foirne i 2010 faoi chúrsaí éagsúla oibre agus ginearálta. Cuireadh Lá Cothroim Shaol Oibre chun cinn ar an 1 Márta 2010.

- Leanadh den treoirthionscadal don Scéim r-Oibriú le linn 2010.

- Coimeádadh acmhainní foirne an hOifige faoi athbhreithniú leanúnach ag leibhéal aonaid agus ag leibhéal eagraíochta araon agus rinneadh athleithdháileadh agus atheagrú ar acmhainní go hinmheánach ar níos mó ná ócáid amháin chun freastal do riachtanais ghnó atá ag athrú. De thoradh ar thitim i líon na n-iarratas ar thearmann agus an gá leanúnach le hacmhainní a imscar agus a úsáid ar fud na heagraíochta INIS, athúsáideadh 31 ball foirne chuig INIS agus chuid an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí le linn 2010. Anuas air sin, athúsáideadh baill foirne chuig an Roinn um Chosaint Sóisialta. Níor cheapadh aon duine ina n-áit.

- Bhain beirt bhall foirne leas as an Scéim Sosa Gairme Spreagtha Speisialta sa tSeirbhís Sibhialta i 2010 agus bhain beirt eile leas as an Scéim Sosa Gairme Speisialta sa tSeirbhís Sibhialta. Ina theannta sin, d'imigh ceathrar ar scor le linn na bliana agus sheas beirt eile síos óna gceapacháin. Níor cheapadh aon duine ina n-áit.

- Lean beirt ag obair leis an Aonad Tuarascálacha agus Anailíse (RAU) de chuid INIS. Tá sé mar chuspóir ag an INIS RAU tacú le hINIS (an Oifig san áireamh) i gcoitinne maidir le faisnéis staitistiúil chun críche bainistíochta, oibríochta agus pleanála straitéisigh.

- Lean beirt ag obair leis an Tionscadal Theicneolaíocht Faisnéise AISIP d'INIS.

- Ghlac ORAC páirt i gClár Intéirneachta Dlí na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo tuiscint níos fearr a thabhairt do chéimithe dlí agus eile maidir le ceisteanna earnála poiblí, mar aon le taithí níos leithne a thabhairt dóibh agus cúnamh dlí a sholáthar don Roinn agus dá gníomhaireachtaí ag an am céanna ó thaobh an dlí de. Bhí cúigear intéirneach ag ORAC ar feadh tréimhsí éagsúla le linn na bliana ar chonarthaí sealadacha.

- Ghlac ORAC páirt i gClár Áitiú Oibre FÁS le Céimithe Áitiú Oibre amháin ag obair linn ar chonradh sé mhí. Tugann an clár seo an deis do chéimithe atá dífhostaithe taithí oibre luachmhaire a fháil agus iad ag cuidiú leis an Roinn agus eagraíochtaí ó thaobh an dlí de freisin.

Seirbhís do Chustaiméirí

- Dhírigh ár Suirbhé Sheirbhís do Chustaiméirí ar cháilíocht na seirbhíse a sholáthar dóibh siúd a ghlaonn isteach chuig ár Aonad Fáiltithe agus reáchtáladh é thar thréimhse 4 sheachtaine i Samhain/Nollaig 2010. Cuireadh fáilte roimh gach duine a ghlaoigh isteach chuig ár nOifig Poiblí páirt a ghlacadh sa tsuirbhé.

- Thug torthaí an tsuirbhé na rudaí seo a leanas le fios go hinter alia:

    - Dúirt 100% de fhreagróirí gur dhéileáladh leo go cuirtéiseach agus le meas.
    - Thug 98% dóibh siúd a d'fhreagair a cheist *'An raibh tú sásta le cáilíocht na seirbhíse a bhfuair tú?'* go raibh siad thar a bheith sásta/sásta le cáilíocht na seirbhíse a bhfuair siad.
    - Shíl 98% d'fhreagróirí go raibh an fhoireann cabhrach/thar a bheith cabhrach.

- Tá príomhthorthaí an tsuirbhé ar fáil ar shuíomh idirlín na hOifige (www.orac.ie).

- Rinneadh monatóireacht ar Phlean Aicsin Sheirbhís do Chustaiméirí d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonaimid ár n-oibleagáidí sheirbhís do chustaiméirí. Is féidir an plean Aicsin a fheiceáil ar www.orac.ie/customerservice.

- Lean ORAC dá rannpháirtíocht i Líonra um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí thar an tSeirbhís Sibhialta ar fad le linn na bliana.

Comhaontú Pháirc an Chrócaigh

- Le linn 2010, mar chuid den Chomhaontú Seirbhíse Poiblí 2010-2014, dhréachtaigh ORAC Plean Aicsin eagraíochtúil a cuireadh faoin Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí agus cuireadh ar shuíomh idirlín ORAC é i Nollaig 2010. Leagann an Plean Aicsin seo amach gníomhaíochtaí a thabharfaidh an eagraíocht faoi i bhFeabhas a chur ar an bPróiseas Gnó, Foiriniú agus Struchtúir agus seirbhís do chustaiméirí níos fearr sa tréimhse clúdaithe ag an gComhaontú.

Comhpháirtíocht

- Gné leanúnach de chuid déileáil na hOifige leis an bhfoireann agus le ceardchumainn i 2010. Cuireadh réimse tionscnaimh éagsúla san áireamh i gcomhráite le plé lena n-áirítear foghlaim san ionad oibre, cur chun cinn na héagsúlachta agus cothromaíocht oibre is saoil, athrú a bhainistiú, cumas bainisteoirí, foirne agus ceardchumann a neartú chun athrú a thabhairt isteach agus a bhainistiú go réamhghníomhach, agus bhí na nithe sin ar fad ina gcabhair chun comhpháirtíocht shóisialach a neadú san ionad oibre.

- Cruthaíodh an t-ochtú Coiste Comhpháirtíochta na hOifige i mí Mheán Fómhair 2010, agus reáchtáladh cruinniú amháin de roimh dheireadh na bliana. Tionóladh cúig chruinniú den Choiste roimhe sin le linn na bliana.

Teicneolaíocht Faisnéise

- Lean ORAC le hionchur, de réir mar a theastaigh sé, i réamhobair forbartha chóras TF an AISIP (Clár Comhtháthaithe Straitéisigh Tearmainn agus Inimirce) ag leibhéil Boird Tionscnaimh agus grúpa saineolaithe. Áiríodh leis seo ionchur sa phróiseas bhainistithe athraithe agus an fhorbairt ar phróisis oibre faoi mar a chomhtháthóidh AISIP le córais TF reatha.

Forbairtí Corparáideacha

- Foilsíodh Ráiteas Straitéiseach nua ag tús 2010 ag clúdach an tréimhse 2010-2012. Mar a rinne an ráiteas straitéiseach roimhe, díríonn sé ar an treo a ghlacfaidh ORAC - i gcomhthéacs Spriocanna Ardleibhéil agus aidhmeanna straitéiseacha - sula n-achtófar an Bille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2010 faoin a fho-ghlacfaidh ORAC chuig an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS).

- Bhí Pleanáil Gnó ina ard-thosaíocht arís don eagraíocht i 2010. Mar a tharla cheana, bhí bainistíocht riosca agus measúnú riosca ina n-eochaireilimintí de phróiseas pleanála gnó ORAC. Chuimsigh an próiseas Pleanála Gnó cruinnithe bainistíochta sinsearaí agus cruinnithe aonad chun béim a leagadh ar thoscaíochtaí oibre agus dul chun cinn a mheas.

- Cuimsíonn Pleananna Gnó aidhmeanna agus táirgí do gach Aonad ag eascairt ó thosú an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2010, nuair a achtaítear é. Leanadh ar aghaidh ag déanamh athbhreithnithe ar chláir riosca bainistithe athruithe i gcomhthéacs na n-eochairdhúshlán agus rioscaí bainteacha do gach roinn.

- Lean ORAC ag tabhairt ard-tosaíochta do chúrsaí sláinte agus slándála i 2010. Leanann Ráiteas Polasaí Sláinte agus Slándála ag cur ar a chumas ag an Oifig a chúraimí d'fhoireann agus do chustaiméirí faoin reachtaíocht sláinte agus slándála a bhaint amach. Baineann scata tionscnamh leanúnacha leis sin, ar a n-áirítear:

    - ceapadh agus oiliúint luch foirne mar Mhaoir Dóiteáin agus oiliúint foirne i ngarchabhair agus in úsáid Dífhibrileoirí Cairdiacha.
    - feasacht foirne ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta.
    - athbhreithniú agus feabhsú ar nósanna imeachta na hoifige i leith slándála agus sábháilteachta don shábháilteacht is fearr d'fhoireann agus do chustaiméirí ORAC.

Cumarsáid agus Bainistiú ar Athrú

- Leanadh leis an obair san Fhoireann um Nós Imeachta Aonair bunaithe in ORAC ar ullmhúcháin le haghaidh tosaithe agus achtú an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint. D'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí leagan athbhreithnithe den Bhille i mí Iúil 2010 a dhéanann tuilleadh forbartha agus feabhas ar fhorálacha áirithe sa Bhille Inimirce, Cónaí agus Cosaint ó 2008.

- Cuimsíonn Clár oibre na Foirne um Nós Imeachta Aonair forbairt a dhéanamh ar an gcáipéisiú, ar na próisis agus ar na beartais a theastaíonn chun an reachtaíocht nua a chur i bhfeidhm, chomh maith le lámhleabhair oiliúna lucht foirne a ullmhú maidir leis na córais agus nósanna imeachta nua.

- Foilsíodh Ráiteas Nuachta Bainistithe Athraithe go rialta d'fhoireann ORAC d'fhonn iad a choinneáil suas chun dáta maidir le forbairtí gnó.

- Cuimsíonn ár gCairt Custaiméara ár dtiomantas maidir le comhairliú, trí Phainéal Idirchaidrimh Custaiméara le NGOanna go sonrach. Ina leith seo, reáchtáladh cruinniú den Phainéal Idirchaidrimh Sheirbhís do Chustaiméirí i Samhain 2010.

Cuid 3

Dul chun cinn maidir le Spriocanna Ardleibhéil Ráiteas Straitéise 2010 - 2012

Cuid 3

Dul chun cinn maidir le Spriocanna Ardleibhéil Ráiteas Straitéise 2010 - 2012

Sprioc Ardleibhéil 1

Iarratas ar stádas dídeanaí agus ar athaontú teaghlaigh a imscrúdú laistigh de íostréimhsí ama.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2010-2012

- *Táirgiúlacht optamach a bhaint amach maidir le hiarratais a phróiseáil do dhearbhú ar stádas dídeanaí agus ar athaontú teaghlaigh, laistigh de íostréimhse ama agus san ord tosaíochta a cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí.*

- *Lánfheidhmiú agus feidhmiú éifeachtach Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II a bhaint amach, ag féachaint go cuí do na critéir maidir leis an Stát Conraithe a chinneadh atá freagrach as iarratais ar thearmann a phróiseáil.*

- *An táirgiúlacht optamach a bhaint amach i bpróiseáil iarratas ar athaontú teaghlaigh laistigh de fhrámaí ama íosta.*

- *Ullmhúchán agus pleanáil a dhéanamh faoi chomhair thabhairt isteach Nós Imeachta Aonair agus díriú go hiomlán agus go héifeachtach ar aon leasuithe ar Acht na nDídeanaithe, 1996, de réir mar a thagann siad chun cinn.*

Dul chun cinn maidir le spriocanna agus cuspóirí i 2010

Iarratais ar thearmann a phróiseáil

- Ar an iomlán fuarthas 1,939 iarratas i 2010. Ba é mí Eanáir an mí leis an líon iarratas is mó le 189 iarratas. Ba é 162 iarratas an meán in aghaidh na míosa. Déanann iomlán 2010 comparáid le 2,689 iarratas do 2009, laghdú de 27.9%.

- Ag deireadh 2010, de na 541 iarratas a bhí idir lámha, bhí 67 breis is sé mhí d'aois. Ciallaíonn sin go héifeachtach go raibh ORAC ag próiseáil cásanna a fuarthas i 2010.
.
- Sheas an chéad chúig thír ar iarratas mar 49.3% d'iarratas do 2010. Ba iad sin an Nigéir (20%), leis an Sín ag (11.8%), an Phacastáin (10.3%), Poblacht Dhaonlathach

an Chongó (3.7%) agus an Afganastáin (3.6%). Ba iad na cúig phríomhthír a rinne iarratas i 2009 ná an Nigéir, an Phacastáin, an tSín, Poblacht Dhaonlathach an Chongó agus an tSiombáib. Mar a tharla sa bhliain roimhe sin, tháinig líon beag iarratas as líon mór tíortha. Mar shampla, tháinig 3 iarratas nó níos lú ó 31 tír. Ar an iomlán bhí 33 tír ann as a dtáinig breis is 10 iarratasóir an ceann.

- Ar an iomlán, rinneadh gach iarratasóir tosaíochta a phróiseáil laistigh de 17 go 20 lá le linn 2010, seachas na cásanna nach rabhthas in ann a phróiseáil ar chúinsí sláinte agus/nó cúinsí éignithe eile. Eascraíonn tosaíocht ó ordú ón Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí faoi na forálacha ábhartha d'Acht na nDídeanaithe, 1996. I 2010, próiseáladh 6.9% d'iarratais faoi Threoir Tosaíochta an Aire. I gcomhthéacs na nósanna imeachta athbhreithnithe breithiúnacha ar chomhoiriúnacht gné d'Acht na nDídeanaithe, 1996 le dlí an AE, chúlghair an tAire an Treoir maidir le iarratasóirí ón Nigéir ón 1 Márta 2010 i leith. De thoradh air seo, bhí laghdú suntasach ar líon na n-iarratas a phróiseáladh ar an gcaoi seo. Ar a shon sin, sceidealadh gach iarratas tosaíochta (ach amháin cásanna nárbh fhéidir a phróiseáil ar chúiseanna míochaine nó ar chúiseanna an-láidre eile) le haghaidh agallaimh laistigh de 9 go 12 lá oibre ó dháta an iarratais agus críochnaíodh iad laistigh de uasmhéid de 8 lá oibre eile, a thug tréimhse phróiseála iomlán de 17 go 20 lá oibre ar an meán ó dháta an iarratais.

- Próiseasáladh gach iarratasóir gan tosaíocht laistigh de 8 go 9 seachtaine, don chuid is mó de 2010. Arís, ní chuimseoidh sé seo iarratasóirí nárbh fhéidir a gcás a chur chun cinn ar chúinsí sláinte agus/nó cúinsí éignithe eile. Leathnaigh an meán-am próiseála beagáinín sa cheathrú deiridh den bhliain d'iarratasóirí sa chatagóir seo go 9 go 10 seachtaine, ag eascairt ón aistriú d'fhoireann bhreise ó ORAC go INIS.

- I gcomhréir le cleachtas leanúnach chun a chinntiú an úsáid éifeachtach agus fheidhmiúil d'acmhainní, leanadh ag déanamh bainistiú gníomhach ar an sceideal agallaimh chun a chinntiú go raibh an t-uasmhéid d'agallaimh sceidealta.

- I gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, lean ORAC ag tabhairt tús áite d'iarratais ó dhaoine faoi choinneáil. Tugadh a gcéad agallamh do na hiarratasóirí seo, chomh fada agus ab fhéidir, trí lá ó dháta an iarratais agus sceidealadh iad dá n-agallamh substainteach 20 lá oibre, ar an meán, ó dháta an iarratais. Cuireadh cásanna i gcrích laistigh de 4 go 5 lá oibre eile, rud a thug meántréimhse próiseála 28 lá oibre san iomlán. Fuarthas 130 iarratas ó dhaoine faoi choinneáil i 2010. Seasann sé seo do 6.7% de na hiarratais a fuarthas le linn na bliana. Lean ORAC dá idirchaidreamh le Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus le Biúró Inimirce an Gharda chun próiseáil éifeachtach na n-iarratas seo a chinntiú. Tugadh 36 cás chun críche fad agus a bhí an t-iarratasóir faoi choinneáil. Bhí an chuid eile sceidealta le haghaidh agallaimh in ORAC ar an ábhar gur scaoileadh ó choinneáil iad roimh dháta an agallaimh.

- Fuarthas 37 iarratas i 2010 ó mhionaoisigh gan duine fásta ina gcuideachta ag lorg tearmainn, rud is ionann agus 1.9% den líon iomlán iarratas a fuarthas. Cuireadh na hiarratasóirí seo faoi agallamh laistigh de 20 lá ón dáta a fuarthas a n-iarratas agus eisíodh moltaí laistigh de 10 lá nó mar sin ón agallamh, a thug am próiseála de 6 sheachtain. Ba é an tréimhse phróiseála maidir le hiarratais ó mhionaoisigh gan duine ina gcuideachta a bhí mar ábhar le Treoir Bheartú Tosaíochta ón Aire 5 sheachtain ó dháta an iarratais.

- I 2010, d'úsáid ORAC seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin in 76 teanga. Nuair nach raibh teacht go háitiúil ar ateangairí i dteangacha áirithe neamhfhorleathana, baineadh úsáid as ateangaireacht ar an nguthán. Rinne ORAC gach iarracht úsáid na hateangaireachta ghutháin a íoslaghdú ar son ateangaire a bheith i láthair sa seomra agallaimh, áfach. Chinntigh nósanna imeachta a úsáideadh le soláthraithe seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta próiseáil phras gach iarratas ag gach céim den phróiseas tearmainn. Coinníodh na nósanna imeachta seo faoi athbhreithniú le linn na bliana agus cuireadh feabhas orthu le teagmháil rialta le soláthraithe seirbhíse. Sa cheathrú deiridh den bhliain, cuireadh fáilte roimh Iarratais ar Fhorthairiscintí do sholáthar seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin i bpróiseas ar a rinne Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann maoirseacht agus lena raibh baint ag ORAC.

- Ar aon dul le gnáthchleachtas san eagraíocht, seachadadh oiliúint maidir le cinneadh stádas dídeanaí (RSD) do bhaill foirne nuacheaptha le linn na bliana. Cuimsíonn oiliúint an creatlach reachtaíochta Éireannaí agus AE, na polasaithe agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm san eagraíocht, dlí-eolaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta, chomh maith le castacht agus éagsúlacht na gcásanna reatha. D'fhreastal foireann ORAC ar oiliúint idir-eagraíochta eagraithe agus éascaithe ag an UNHCR maidir le próiseáil iarratas ar thearmann ó páistí scartha. Mar gheall ar chastacht na gcásanna seo, bhí an gá ann níos mó ná agallamh substainteach amháin a dhéanamh le cúpla iarratasóir, lena n-áirítear nuair a umhlaigh iarratasóirí eolas nua agus/nó breise nó cáipéisíocht tar éis dóibh a n-iarratas a leagadh isteach.

- Leanadh le húsáid a bhaint as agallamh fócasaithe d'iarratasóirí mar thosaíocht chomh maith le breitheanna feidhmiúla agus tráthúla ag tabhairt ár n-oibleagáidí d'iarratasóirí ar thearmann san áireamh. Ciallaíonn sé go ndéantar taighde agus ullmhúchán ar gach cás roimh an agallamh substainteach, a fhágann go mbíonn an t-ábhar tír tionscnaimh is úire agus is creidiúnaí ag agallóirí agus ag cinnteoirí mar aon le cás-dlí dídeanaí a bhaineann le hábhar agus an dlí-eolaíocht atá ag teacht chun cinn.

- Tugadh tosaíocht d'úsáid a bhaint as ríomhairí glúine chun taifead a dhéanamh ar shonraí na n-agallamh substainteacha le háis wi-fi leictreach, ag cur ar a gcumas ag oibrithe cáis rochtain díreach a bheith acu ar eolas thír thionscnaimh (COI) riachtanaigh agus eolas creidiúnach eile ag agallaimh. Is é an tairbhe a bhaineann leis an gcur chuige seo go mbíonn agallóirí in ann na tuairiscí a chur i láthair iarratasóirí ag agallaimh, i gcás go mbíonn ráitis-iarrthóirí ag teacht salach ar fhíorais ar eolas i gcoitinne agus ar fhaisnéis ar féidir brath uirthi san fhearann poiblí, rud a thugann deis dóibh trácht a dhéanamh ar na fíorais sin agus tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh (más gá), sula nglactar an cinnidh deiridh.

- Leanadh le soláthar eolais riachtanaigh tacaíochta thír thionscnaimh (COI) d'oibrithe cáis ag an Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe. Éascaigh sé seo úsáid acmhainní, mar shampla, teacht ar eolas thír thionscnaimh do thaighde réamh-agallaimh, chomh maith le leasú chun dáta a dhéanamh ar Bhunachair Shonraí COI ORAC. Lean na tionscnaimh seo, úsáid ríomhairí glúine san áireamh, ag cur ar a gcumas ag oibrithe cáis, agallaimh fócasaithe a reáchtáil, go háirithe i gcásanna inar cuireadh ceistneoirí iarratasóirí ar ais gan a gcomhlánú ina n-iomláine nó gan ach sonraí teoranta a sholáthar faoi na cúiseanna a thug ar an duine stádas dídeanaí a iarraidh.

- Leanadh ag déanamh athbhreithnithe ar na córais COI agus taighde atá ag ORAC i 2010. Bunaithe ar eolas soláthraithe ag an Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe, rinne an tAonad Taighde (COI) agus Anailíse Dlíthiúil comhoibriú ar chruthú 106 paca thír thionscnaimh ag oibrithe cáis ORAC. Sheol an Oifig 318 ceist chuig an Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe le linn 2010, agus tháinig fás i gcónaí ar úsáid na ríomhleabharlainne. Mar ullmhúchán chun an Nós Imeachta Aonair a thabhairt isteach, chuaigh an tAonad i gcomhairle leis an RDC chun eolas COI a fhorbairt agus a choimeád suas chun dáta maidir le téamaí ábhartha maidir le cúrsaí a bhaineann le cosaint chúntach agus le cead fanachta.

- Bhuail ORAC leis an Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe (RDC) go déthaobhach go minic. D'aontaigh an RDC tacaíocht taighde a sholáthar chuig an Aonad Athaontaithe Teaghlaigh de chuid ORAC d'fhonn cuidiú leo iarratais ó dhídeanaithe ag iarraidh ball teaghlaigh teacht ina dteannta sa Stát a phróiseáil.

- Bhí an Oifig páirteach i gcruinnithe de Ghrúpa Stiúrtha an Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe, a thugann le chéile gach ceann de ghníomhaireachtaí cliaint an Ionaid Doiciméadaithe do Dhídeanaithe.

- Ghlac foireann ORAC páirt i gcruinnithe d'eagraíochtaí ábhartha eile, mar shampla Grúpa Eurasil an AE agus na Comhairlithe Idir-Rialtasacha ar chúrsaí Tearmainn, Dídeanaí agus Imirce (IGC) lonnaithe sa Ghinéiv ar a bpléadh forbairtí agus cleachtas is fearr idirnáisiúnta maidir le heolas thír thionscnamh.

- Lean ORAC ag baint úsáide as anailís teanga le linn na bliana d'fhonn cuidiú iarratais iarratasóra a bhunú maidir lena gcúlra eitneach nó tíreolaíochta maíte. Úsáidtear tuarascálacha anailíse teanga mar chabhair chun measúnú i gcoitinne a dhéanamh ar an iarratas ar thearmann, in éineacht le gach mír eile den éileamh ar thearmann. Is féidir leis an mBinse Achomharc do Dhídeanaithe iarradh ar anailís teanga faoi alt 16(6) d'Acht na nDídeanaithe, 1996.

- Mar chuid de phróiseas dearbhaithe cáilíochta, sholathaigh an tAonad Láithriúcháin aiseolas don Aonad um Próiseáil Cásanna maidir le torthaí éisteachtaí os comhair an Bhinse Achomharc do Dhídeanaithe, áit ar cuireadh i leataoibh moladh an Choimisinéara maidir le stádas a dhiúltú. Ina theannta sin, soláthraítear aiseolas leanúnach don Aonad um Próiseáil Cásanna, áit ar sheas an Binse leis na moltaí. Cuireadh aon athrú i nósanna imeachta a theastaigh ag eascairt ón bpróiseas sin i bhfeidhm.

Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II

- Le linn 2010, lean ORAC ag baint an méid is mó d'eolais agus ab fhéidir as Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II. Rialachán é sin faoina gcinntítear cé acu Stát Conraithe atá freagrach as iarratas ar thearmann a phróiseáil. Lean ORAC ag baint úsáide iomláine as stair víosa agus cónaithe iarratasóirí chomh maith lena meaitseanna méarlorgaíochta faoin Rialachán EURODAC in go leor cinntí Bhaile Átha Cliath II. Anuas air sin, sa chás go bhfuil an fhéidearthacht ann go bhfuil na teorainneacha ama faoi Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II caite, bhí eolas víosa agus cónaitheach an-úsáideach in agallaimh shubstainteacha ar thearmann i mbailíocht éilimh a mheas.

- Rinneadh 263 cinneadh in ORAC i 2010 faoin bpróiseas Bhaile Átha Cliath II i gcomparáid le 402 i 2009. Cé go seasann sé seo mar laghdú sna figiúirí, méadaigh úsáid Bhaile Átha Cliath II mar chuid de chásanna arna gcuireadh i gcrích ó 10.3% i 2009 go 12.0% i 2010.

- Tógadh agus tarchuireadh 1,515 seit méarlorgaíochta chuig EURODAC le linn 2010 agus cinntíodh 208 meaits. Tógtar méarloirg gach iarratasóir thar 14 bliana d'aois agus tarchuirtear chuig EURODAC iad.

- Mar chuid den phróiseas iarratais ar thearmann, tosaíodh ag tógáil méarlorg iarratasóirí ó mhí na Samhna 2000. Tosaíodh ag déanamh scriosta ar mhéarloirg de 10 mbliana d'aois i mí Dheireadh Fómhair 2010 faoi théarmaí Acht na nDídeanaithe, 1996. Scriosadh 3,109 méarlorg faoi dheireadh Nollag 2010. Bheadh scrios déanta cheana féin ar mhéarloirg na ndaoine ar a bhronnadh saoránacht, sna blianta eadrannacha, faoi théarmaí an Achta 1996.

- Leanadh le comhoibriú i 2010 le Stáit Chonraithe eile maidir le comhoibriú an phróisis Rialacháin AE Bhaile Átha Cliath II ag ceadú ORAC cinntí a dhéanamh i leith 12.0% de na cásanna curtha i gcrích, a sheasann do mhéadú de 16.5% ar 2009.

- Ar aon dul le scálaí ama 2009, ba é timpeall 27 lá am próiseála do chásanna AE Bhaile Átha Cliath II i 2010.

- Leanadh ag baint lán-úsáid as AVATS INIS (Uathchóras Iarratas ar Víosa agus Rianaithe) chun críocha a fhionnadh amach arbh fhéidir brath ar fhianaise arna soláthar ag iarrthóirí ar thearmann, nó nárbh fhéidir. Baineadh an úsáid ba mhó ab fhéidir as AFIS (Córas Uathaitheanta Méarlorg), chomh maith, mar áis chun méarloirg iarrthóra a ghlacadh agus dul i dteagmháil go gasta ina leith sin le líonra méarlorgaíochta EURODAC.

Athaontú Teaghlaigh

- I 2010, fuarthas 323 iarratas ar Athaontú Teaghlaigh, laghdú de 28.2% ar fhigiúr 2009. Le linn na bliana, tugadh faoi athbhreithniú ar oibríochtaí an Aonaid Athaontaithe Teaghlaigh d'fhonn éifeachtacht agus cáilíocht an phróisis imscrúduithe a uasmhéadú. De thoradh ar an athbhreithniú seo, rinneadh imscrúdú níos doimhne agus níos cuimsithí ar gach iarratas d'fhonn an cás a tharraingt chomh gearr agus ab fhéidir chuig pointe an chinnte, ag féachaint do ról imscrúdaithe ORAC faoi Acht na nDídeanaithe, 1996. Faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, tá freagracht ar ORAC as imscrúdú a dhéanamh ar iarratais athaontaithe theaghlaigh cé go baineann an cinneadh i leith iarratas mar seo leis an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí.

Bainistiú ar thabhairt isteach athraithe, ar a n-áirítear an nós imeachta aonair

- Leanadh leis an ullmhúchán le haghaidh tabhairt isteach an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2010, a sholáthraíonn, faoi réir ag achtú ón Oireachtas, do thabhairt isteach Nós Imeachta Aonair ina dtógfar faoi gach cás inar féidir le hiarratasóir

fanacht sa Stát (cosaint nó eile) le chéile. Ina theannta sin, tabharfaidh sé an Oifig isteach mar chuid de Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS).

- Lean an Fhoireann Idirlinne um Nós Imeachta Aonair den obair ullmhúcháin, a chuimsíonn doiciméidí a theastóidh chun na bpolasaite and na nósanna imeachta aonair a chur i bhfeidhm a fhorbairt. Chuimsigh sé sin doiciméadú lena n-áirítear na foirmeacha iarratais a theastaíonn, na litreacha caighdeánacha, ceistneoirí d'iarrthóirí agus bileoga eolais a theastaíonn faoin reachtaíocht nua. Bhuail an tAonad le roinn eile de chuid ORAC chun an obair seo a chur ar aghaidh.

- Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn maidir le socruithe tacaíochta bainistíochta agus oiliúna chun lucht foirne a ullmhú chun coigeartú éifeachtach a dhéanamh maidir lena róil sa chreat nua reachtaíochta.

- Coinníodh cláir bainistithe rioscaí do gach Aonad de chuid ORAC, i gcomhthéacs an Nós Imeachta Aonair a thabhairt isteach, mar aon le hathruithe eagrúcháin eile a thiocfaidh as an reachtaíocht nua. Tá cur síos iontu ar na príomdhúshláin do gach Aonad de chuid ORAC, na rioscaí a bhaineann leo agus na gníomhartha a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus déanann an bhainistíocht athbhreithniú orthu ar bhonn leanúnach.

- Leanadh le pleanáil a dhéanamh taobh istigh den Aonad Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh le haghaidh réimse dúshlán dlíthiúla as a mbeidh freagracht aige ag eascairt as tabhairt isteach na reachtaíochta nua. Mar chuid den phróiseas seo, tá an tAonad freagrach as beagnach gach dúshlán dlíthiúil chuig ORAC, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le próiseas AE Bhaile Átha Cliath II. Lean an tAonad ag coinneáil nasc le haonaid INIS eile a dhéileálann le dúshláin dhlíthiúla.

- Bhí ionadaí ag an Oifig i gcónaí ar shraith de Fhoirne Tionscadail um Bainistiú ar Athrú a bhunaigh Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann chun forálacha na reachtaíochta nua a chur chun feidhme. Bhí ionadaithe ORAC rannpháirteach i bhforbairt tuarascálacha agus moltaí ó fhoirne tionscadal éagsúla. De thoradh obair na bhfoirne tionscadail sin, beidh INIS in ann na forálacha nua reachtaíochta a chur i bhfeidhm go héifeachtach, faoi réir a bheith faofa ag Tithe an Oireachtais.

- Le linn 2010, i gcomhthreomhar leis an obair riachtanach don phróiseas athraithe, chomhlíon an Oifig a hoibleagáidí reachtacha faoi Acht na nDídeanaithe, 1996.

- Lean ORAC ag cinntiú go raibh lucht foirne na heagraíochta coinnithe suas chun dáta ar na forbairtí maidir leis an bpróiseas reachtaíochta chomh maith le bainistiú athraithe agus saincheisteanna claochlaithe gnó go ginearálta. Díolaimíodh nuachtlitir rialta agus eisíodh chuig foireann ORAC chun na críche sin.

- Chomh fada agus a bhí sé praiticiúil, chinntigh ORAC gur coinníodh eagraíochtaí neamhrialtasach a dhéileálann le hiarratasóirí ar thearmann suas chun dáta ar fhorbairtí ábhartha. Mar shampla, bhí tabhairt isteach an Nós Imeachta Aonair mar mhír ar an ngnóchlár do chruinniú den Phainéal Idirchaidrimh um Sheirbhís do Chustaiméirí i Samhain 2010.

Sprioc Ardleibhéil 2

An caighdeán imscrúdúcháin agus cinnteoireachta is airde a choinneáil.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2010-2012

- *Ardchaighdeán leanúnach a choinneáil in imscrúdú agus i bpróiseáil iarratas.*
- *Nósanna imeachta oscailte agus cothrom a choimeád.*

Ardchaighdeán in imscrúdú agus i bpróiseáil iarratas

- Le linn na bliana, lean an eagraíocht ag feabhsú a próisis oibre agus é mar aidhm aici cinntí a dhéanamh go pras, ag coinneáil cáilíochta. Leanamar ag déanamh athbhreithnithe agus athnuachan freisin, de réir mar a theastaigh sé, ar ár nósanna imeachta maidir le himscrúdú agus cinneadh iarratasóirí ar thearmann. Bhí sé mar thosaíocht i gcónaí choinneáil de nósanna imeachta a bhí cothrom agus trédhearcach laistigh dár gcreat reachtaíochta.

- Bhí eolas cruinn faoi thír tionscnaimh agus ar ardchaighdeán an-tábhachtach i gcónaí chun cinnteoireacht den scoth agus taighde réamhagallaimh a chinntiú. Rinne ORAC forbairt ar agus mhionathraigh sé a sonraí COI chomh maith len é a leasú, leis an gcabhair leanúnach den Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe (RDC), d'fhonn a chinntiú go raibh fáil ar thaighde creidiúnach chun dul i ngleic le saincheisteanna le hiarratasóirí ag a n-agallamh substainteach agus tar éis le linn an phróisis cinnidh mar chuid den phróiseas moladh a chur le chéile ar cibé ar cheart iarratas ar stádas dídeanaí a cheadú nó nár cheart.

- Sula dtugadh isteach an Nós Imeachta Aonair, bhí idirchaidreamh again leis an RDC chun COI a fhorbairt agus a choinneáil suas chun dáta ar ábhair bainteach le fo-chosaint agus comaoineacha chead fanta.

- Lean ORAC ag obair go dlúth leis an UNHCR ar réimse ábhair cosúil le hoiliúint, agus saincheisteanna eile maidir lenár gcreatlach reachtúil reatha agus i gcomhthéacs na n-ullmhúchán do na díotha reachtúla nua. D'fhreastal foireann ORAC ar oiliúint idir-rialtasach ar iarratais ar thearmann a phróiseáil ó pháistí scartha a bhí eagraithe agus éascaithe ag an UNHCR. Tá ról luachmhar ag an UNHCR i gcónaí inár bpróiseas.

- Mar thoradh díreach ar chastacht an riar cásanna agus ar na treochtaí atá ag teacht chun cinn i gcineál na n-iarratas agus na gcásanna, ba riachtanach tacaíocht, meantóireacht agus treoir lárnach a bheith ar fáil don fhoireann, mar thosaíocht. Soláthraíodh oideacht inmheánach duine go duine agus grúpa d'oibrithe cáis agus bainisteoirí ar réimse topaicí bainteach le dlí tearmainn agus dlí-eolaíocht ag teacht chun cinn agus, i gcomhthéacs an imscrúdaithe de iarratais áirithe, an próiseas Rialacháin AE Bhaile Átha Cliath II.

- Maidir le seirbhís do chustaiméirí, lorgaíodh, aithníodh agus tugadh freagra do gach comhfhreagras ó iarratasóirí, custaiméirí, agus páirtithe leasmhara láithreach taobh istigh de 20 lá oibre de réir tiomántais ORAC inár bPlean Aicsin um Sheirbhís do Chustaiméirí. Baineadh úsáid as córas loirg chomhfhreagrais chun na críche seo.

- Lean ardcháilíocht a choinneáil in imscrúdú agus i bpróiseáil iarratais ar thearmann le bheith ina thosaíocht d'ORAC ar aon dul lenár nAidhmeanna Ardleibhéil de réir mar a leagtar amach I Ráiteas Straitéiseach ORAC 2010-2012.

- I 2010 lean ORAC ag mionathrú agus ag feabhsú a mhodúil oiliúna inmheánacha féin um chinneadh stádais dhídeanaí (RSD) agus sheachaid sé an oiliúint seo a leanas chuig foireann bainteach le hiarratais ar thearmann a phróiseáil:

  - Oiliúint RSD i gcomhair oibrithe cáis nuashannta.
  - Sainoiliúint maidir le gnéithe áirithe d'Acht na nDídeanaithe, 1996, a chur i bhfeidhm.
  - Meantóireacht i gcomhair oibrithe cáis ar bhonn duine le duine maidir le conas daoine a chur faoi agallamh, conas tuairiscí ardchaighdeáin a scríobh, treoir maidir le saincheisteanna a bhain le tíortha áirithe, conas déileáil le híospartaigh gáinneála agus cásanna eile atá íogair ó thaobh inscne.

- Lean an córas tacaíochta aigneolaíochta le bheith ar fáil i gcónaí d'oibrithe cáis agus dá mbainisteoirí. Próiseas é sin trínar féidir leis an Oifig, le cabhair na Seirbhíse Cúnaimh d'Fhostaithe cabhair riachtanach a sholáthar d'oibrithe cáis ag plé le próiseas RSD, lena n-áirítear lucht foirne ag déileáil le híospartaigh chéasta, tháiríde agus le grúpaí soghortaithe eile.

- Lean ORAC le idirchaidreamh rialta le heochairpháirtithe leasmhara eile amhail an tSeirbhís Náisiúnta Eadóirseachta agus Inimirce (INIS), Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (HSE), an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe (RLS), an Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda (GNIB), Ghníomhaireacht um Fháiltiú agus Imeascadh (RIA), an Roinn Sláinte agus Leanaí agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann, chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha.

- Lean an Grúpa Comhairleach um Dhearbhú Cáilíochta dá chuid oibre le linn 2010 maidir le próisis agus nósanna imeachta a shíor-athbhreithniú agus aiseolas a sholáthar d'oibrithe cáis. Rinne sé athbhreithniú ar bhreitheanna curtha ar leathtaobh ón mBinse Achomharc do Dhídeanaithe agus breithiúnais athbhreithnithe breithiúnacha chun na críche céanna. Tá an Grúpa seo déanta suas ag ionadaithe na bpríomhaonad ORAC ar fad, mar shampla, Próiseáil Cásanna, Athbhreithniú Breithiúnach agus Láithreoireachta.

- Faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, ní mholtar iarratais le haghaidh stádas dídeanaí má tá forais ann a cheapadh go raibh siad ciontach as coireanna tromchúiseacha amhail coireanna in aghaidh an chine daonna, coireanna cogaidh agus/nó coireanna tromchúiseacha neamhpholaitiúla roimh theacht don Stát seo dóibh. "Cásanna clásal eisiatachta" a thugtar ar na forálacha seo. Le linn 2010, féachadh ar an gclásal eisiatachta i 20 cás ar an iomlán ach níor cuireadh i bhfeidhm é ar aon cheann. Tá oiliúint speisialta faighte ag oibrithe cáis san Oifig agus ag Oifigigh Láithreoireachta a fheidhmíonn ar son na hOifige os comhair an Bhinse Achomhairc do

Dhídeanaithe, chun gur féidir leo na cásanna sin a aithint. Rinneadh athbhreithniú agus leasú ar na nósanna imeacht i leith cur i bhfeidhm an chlásail eisiatachta.

- Tá sé mar thosaíocht ag ORAC seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta ar ardchaighdeán a sholáthar agus soláthraíodh iad i 76 teanga i 2010. Nuair nach raibh fáil go háitiúil ar ateangairí i dteangacha áirithe neamhfhorleathana, baineadh úsáid as ateangaireacht ar an nguthán. Rinne ORAC gach iarracht úsáid na hateangaireachta ghutháin a íoslaghdú ar son ateangaire a bheith i láthair sa seomra agallaimh, áfach. Chinntigh rialú cáilíochta agus nósanna imeachta eile a úsáideadh le soláthraithe seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta próiseáil phras gach iarratas ag gach céim den phróiseas tearmainn. Coinníodh na nósanna imeachta seo faoi athbhreithniú le linn na bliana agus cuireadh feabhas orthu le cruinnithe rialta le soláthraithe seirbhíse. Sa cheathrú deiridh den bhliain, cuireadh fáilte roimh "Iarratais ar Fhorthairiscintí" do sholáthar seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin. Bhí an próiseas seo treoraithe ag Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann.

- Ag leanúint tabhairt isteach an chórais rVíosa in Oifigí Ambasáid na hÉireann sa Nigéir, socraíodh dhá sheisiún oiliúna d'fhoireann ORAC chun iad a chumasú an córas a thuiscint agus cén chaoi a d'fhéadfadh sé tionchar a bheith aige ar fheidhmiú éifeachtach an phróisis cinnidh tearmainn.

- Cuireadh oiliúint ar fáil do bhaill nua den Fhoireann Láithreoireachta i 2010. Foireann oiliúna inmheánach a sholathaigh an oiliúint maidir le cinnteoireacht stádas dídeanaí, oiliúint a bhain go sainiúil le oibrithe cáis agus taighde ar eolas faoi thír tionscnaimh.

- Déileáladh le gach ceist alt 16(6) ó Bhinse Achomharc na nDídeanaithe laistigh de na tréimhsí ama socraithe. Fuarthas 77 fiosrú alt 16(6) i 2010.

- Mar a luadh ní ba luaithe, chinntigh meicníocht aiseolais gur cuireadh cinnteoirí na hOifige ar an eolas maidir le ceisteanna a d'éirigh i ndúshláin athbhreithnithe breithiúnacha agus in achomhairc os comhair an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe agus maidir le torthaí na gcásanna, chomh maith.

- Fuair bainistíocht shinsearach agus foireann leasaithe chun dáta dlíthiúla ón Aonad Taighde (COI) agus Anailís Dhlíthiúil, ar bhreithiúnais Éireannacha, RA, AE agus idirnáisiúnta ábhartha.

- Fuarthas 112 dúshlán dlíthiúla le linn 2010 (lena n-áirítear 24 cás maidir le Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II) i gcomparáid le 92 cás le linn 2009. Ach, lean an claonadh fána iomláin, i gcomparáid le líon na ndúshlán dlíthiúla tógtha roimh 2009, le linn 2010. Bhí sé seo frithchothromaithe ag méadú i líon na ndúshlán tógtha maidir le hateangaireacht Treoir Thearmainn an AE agus ag athsheoladh iarratasóirí ar thearmann chuig an nGréig faoi Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II[5]. Lean an tAonad Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh dá athbhreithniú ar a gcleachtais um bainistiú ualach cásanna, d'fhonn luach ar airgead a fháil don Stát, i gcomhar le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus Abhcóidí.

[5] Rialachán an Chomhairle (AE) Uimh. 343/2003 de 18 Feabhra 2003 ag bunú na gcritéir agus na meicníochtaí chun an Ballstát freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann déanta i mBallstát eile ag náisiúnaí tríú-páirtí.

- Sa chás go raibh earráid nó easnamh i nósanna imeachta ORAC a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar thoradh imscrúdaithe, ní chuirtear in aghaidh Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh, ar mhaithe le cothroime agus luas. Ba é polasaí ORAC teacht ar shocrú comhaontaithe gan mhoill i gcásanna mar iad agus roimh thionscnamh athbhreithnithe bhreithiúnaigh, más féidir. I gcásanna inar mheas an Oifig nárbh amhlaidh, áfach, chuir sí in aghaidh athbhreithnithe breithiúnacha go hiomlán chun iomláine an phróisis tearmainn a chosaint.

- D'fhan líon na n-athbhreithnithe breithiúnacha ilbhuacha i gcoinne ORAC, a laghdaíodh go mór tar éis bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí[6] ar son na hOifige seo in Eanáir 2009 i gcomparáid le líon na ndúshlán dlíthiúla idir lámha roimh 2009, sách statach le linn 2010. Bhí 191 dúshlán dlíthiúla ilbhuacha i 2010, i gcomparáid le 190 cás ag deireadh 2009. Tá sé seo, go príomha, mar gheall ar líon na gcásanna atá ag feitheamh ar chríochnaitheachta cásanna a bhaineann le Treoir Chomhairle an AE 2005/85/AE[7] agus Rialachán an Chomhairle (AE) Uimh. 343/2003[8].

- Lean ORAC ag tairiscint hintéirneachtaí do chéimithe i 2010, agus thapaigh cúig intéirneach dlíthiúla an deis seo. Chabhraigh na hintéirneacha seo le feabhas a chur ar ár bpróisis agus ár nósanna imeachta i ranna éagsúla na heagraíochta. Fostaíodh oifigeach tacaíochta dlíthiúil faoi scéim FÁS. Tá an Coimisinéir fíor-bhuíoch díobh dár n-ionchur chuig an eagraíocht.

- Ghlac ORAC páirt i ngrúpaí oibre bainteach le tearmann de na Comhairlithe Idir-Rialtasacha ar cheisteanna Tearmainn, Dídeanaí agus Imirce (IGC) sa Ghinéiv agus an Líonra Eorpach do Chleachtóirí Tearmainn (Eurasil) sa Bhruiséil. D'fhreastal foireann ORAC ar roinnt cruinnithe páirtithe oibre Chomhairle an AE a rinne scrúdú ar reachtaíocht nua an AE ar nósanna imeachta, coinníollacha chun cáiliú mar dhídeanaí, an próiseas AE Bhaile Átha Cliath II agus an próiseas méarlorgaíochta EURODAC.

- Sholáthar ORAC ábhair maidir leis na staidéir idirnáisiúnta i leith tearmainn, lena n-áirítear staidéar taighdeadh ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunaidh (FRA) ar rochtain ar cheartas d'iarratasóirí ar thearmann, chomh maith le freastal ar chomhdhálacha éagsúla ar cheisteanna dlí dídeanaithe.

- Ceapadh an Coimisinéir chuig Bord Bainistíochta an Oifig Eorpach Tacaíochta Tearmainn (EASO) agus d'fhreastal sé ar an gcéad chruinniú i Samhain 2010. Tá sé mar aidhm ag an EASO cuidiú le feabhas a chur ar cur i bhfeidhm an Chórais Comónta Eorpaigh ar Thearmann, chun comhoibriú praiticiúil a neartú i measc Ballstát ar thearmann agus soláthar tacaíochta oibríochtúil a sholáthar agus/nó a chomhordú do Bhallstáit faoi réir brú ar leith ar a gcórais tearmainn agus fáiltithe.

[6] A.K. v Coimisinéir Iarratais ar Dhídean (Neamhthuairiscithe ex tempore, An Chúirt Uachtarach, 28 Eanáir 2009)
[7] Treoir an Chomhairle 2005/85/AE de 1 Nollaig 2005 ar chaighdeáin is isle ar nósanna imeachta ar sholáthair i mBallstát chun stádas dídeanaí a cheadú nó a aistarraingt.
[8] Rialachán an Chomhairle (AE) Uimh. 343/2003 de 18 Feabhra 2003 ag bunú na gcritéir agus na meicníochtaí chun an Ballstát freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann déanta i mBallstát eile ag náisiúnaí tríú-páirtí.

Nós imeachta atá cothrom agus oscailte

- Leanadh le hiarratasóirí a chur ar an eolas i gcónaí i dtaobh a dteidlíochtaí ón uair a rinneadh iarratas ar stádas dídeanaí. Cuireadh Duilleoigín Eolais chuimsithigh ar fáil d'iarratasóirí (ina dteanga féin más féidir) maidir leis an bpróiseas tearmainn in Éirinn. Lena chois sin, cuirtear scéala i scríbhinn agus ó bhéal chuig iarratasóirí (ina dteanga féin más féidir) maidir le conas teacht ar chomhairle dlí agus teagmháil a dhéanamh leis an UNHCR.

- Choimeád an Oifig a próisis agus a nósanna imeachta faoi shíor-athbhreithniú, chun a chinntiú, chomh fada agus ab fhéidir, go raibh siad oscailte agus trédhearcacha.

- Tá ar iarratasóirí ceistneoir cuimsitheach a chomhlánú roimh an agallamh substainteach (curtha ar fáil dóibh ina dteanga féin más féidir) maidir lena n-éilimh ar stádas dídeanaí. Fuair iarrthóirí spreagadh ón Oifig i gcónaí comhairle dlí a lorg roimh an gceistneoir a chomhlánú agus gach doiciméadú a thacódh lena n-éileamh a sholáthar roimh an agallamh substainteach.

- Lean ORAC ag aithint na riachtanais speisialta d'iarratasóirí sobhuailte cosúil le mionaoisigh gan duine ina gcuideachta chun déileáil leis na hiarratasóirí seo ar bhealach proifisiúnta agus mothálach. Tá nósanna imeachta agus treoirlínte ar leith d'oibrithe cáis ann a thógann aon fhachtóir agus chúinse ar leith san áireamh. Agus na treoirlínte seo á gceapadh, cuireadh san áireamh an cleachtas idirnáisiúnta is fearr, lena n-áirítear Clár an UNHCR um Pháistí Scartha san Eoraip – Ráiteas Dea-Chleachtais agus Clár an AE um Thús Áite do Pháistí.

- Tá nósanna imeachta ag ORAC chun déileáil le cásanna inar leag iarratasóir béim ar shaincheist bainteach le hinscne i gceistneoir nó aon ábhar eolais eile soláthraithe. Rinne ORAC gach iarracht a chinntiú go raibh an t-agallóir agus an t-ateangaire (más ann dó) ar an inscne céanna is a bhí an t-iarratasóir, ag braith ar fáil ar oibrithe cáis agus ateangairí.

- Lean ORAC ag tabhairt tosaíochta do sholáthar sheirbhísí ateangaireachta ar ardchaighdeán do gach iarratasóir ar thearmann a sholáthraíodh, nuair a bhí gá agus nuair a bhí an fhéidearthacht ann, trí sholáthraí seirbhíse conraithe. Tá sé riachtanach an tseirbhís ateangaireachta seo, mar aon le seirbhís a aistríonn doiciméid go cruinn, a sholáthar le go mbeidh an próiseas tearmainn oscailte agus cothrom.

- Lean ORAC ag deimhniú chruinneas céatadán de dhoiciméid aistrithe ar bhonn rialta agus neamhspleách mar chuid de thionscnamh dearbhaithe cáilíochta le soláthraithe seirbhíse.

- Lena chois sin, soláthraíodh aiseolas i dtaobh na seirbhíse ateangaireachta ag agallaimh ag cruinnithe rialta oibriúcháin don soláthraí seirbhíse.

- Lean ORAC ag obair go dlúth leis an Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe (RDC), ag baint úsáide as a r-leabharlann chun rochtain a fháil ar eochairbhunachair sonraí COI cosúil le bunachar sonraí Refworld an Rannóg Cosanta Eolais UNHCR

(www.refworld.org) agus bunachar sonraí Líonra Eolais Eorpaigh um Thír Thionscnaimh (www.ecoi.net) chomh maith le réimse acmhainní COI eile.

- Leanadh den úsáid a bhí á baint as anailís teanga le linn na bliana. Is éard atá i gceist le hanailís teanga ná scrúdú a dhéanamh ar chaint duine d'fhonn a mheas, chomh cruinn agus is féidir, an féidir iarratasóir a chur sa cheantar tíreolaíochta nó mar chuid den phobal teanga as a d'éiligh siad teacht nó nach féidir. Déantar taifead de chaint an iarrthóra, agus déantar anailís air agus scríobhann saineolaí teanga tuairisc faoi mhaoirsiú teangeolaí. Úsáidtear torthaí anailíse teanga mar chabhair chun measúnú i gcoitinne a dhéanamh ar an iarratas ar thearmann, in éineacht le gach mír eile den éileamh ar thearmann. Is féidir leis an mBinse Achomharc do Dhídeanaithe iarradh ar anailís teanga faoi alt 16(6) d'Acht na nDídeanaithe, 1996.

Sprioc Ardleibhéil 3

Cuidiú le caomhnú iomláine an phróisis tearmainn.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2010-2012

- *Na hiarrthóirí sin ar dídeanaithe iad faoi shainmhíniú alt 2 d'Acht na nDídeanaithe, 1996 a aithint chomh luath agus is féidir, ar mhodh éifeachtach cothrom.*
- *Mí-úsáid an phróisis tearmainn a bhrath agus a íoslaghdú.*
- *Feidhmiú ar son an Choimisinéara ag éisteachtaí achomhairc os comhair an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe.*
- *Beartais agus nósanna imeachta dár gcuid féin a fhorbairt chun iomláine an chórais tearmainn a chaomhnú.*

Alt 2 d'Acht na nDídeanaithe, 1996

- Ba thosaíocht i gcónaí de chuid na hOifige le linn na bliana iarrthóirí ar dídeanaithe iad faoi shainmhíniú alt 2 d'Acht na nDídeanaithe, 1996 a aithint in am tráth agus le cothrom féinne. Coinníodh leis an tréimhse próiseála a leagadh amach i Ráiteas Straitéise ORAC 2010-2012 na hOifige maidir le hiarratasóirí den chineál sin a bhí clúdaithe ag Treoir Bheartú Tosaíochta ón Aire. Sceidealadh iarratais dá leithéid le haghaidh agallaimh laistigh de 9 go 12 lá oibre ó dháta an iarratais agus críochnaíodh iad laistigh de uasmhéid de 8 lá oibre eile, rud a thug tréimhse phróiseála iomlán de 17 go 20 lá oibre ó dháta an iarratais.

- Bhí an meán-ama próiseála do gach cás eile 8 go 9 seachtaine don chuid is mó den bhliain. Ach, chuaigh sé seo go 9 go 10 seachtaine sa cheathrú deiridh den bhliain mar gheall ar roinnt fachtóirí lena n-áirítear aistriú fhoireann bhreise chuig INIS chun déileáil le tosaíochtaí oibre ansin.

- Sceidealadh iarratais ó mhionaoisigh gan duine fásta ina gcuideachta le haghaidh agallaimh laistigh de 20 lá oibre ó dháta an iarratais agus d'eisigh cinntí sna cásanna seo laistigh de 10 lá oibre eile, rud a thug tréimhse phróiseála iomlán 6 seachtain nó mar sin ó dháta an iarratais. Ba é an tréimhse phróiseála maidir le hiarratais ó mhionaoisigh gan duine ina gcuideachta a bhí mar ábhar le Treoir Bheartú Tosaíochta ón Aire 5 seachtain ó dháta an iarratais.

- Thug ORAC tosaíocht d'iarratais ó iarratasóirí faoi choinneáil faoi réir díotha faoi Acht na nDídeanaithe, 1996. Tugadh a gcéad chruinniú d'iarratasóirí faoi choinneáil taobh istigh de 3 lá oibre ó dháta a n-iarratas chomh fada agus is féidir. Sceidealadh iarratais dá leithéid dá n-agallamh substainteach laistigh de 20 lá oibre ar an meán ó

dháta an iarratais, agus críochnaíodh iad laistigh de 4 go 5 lá oibre eile, rud a thug tréimhse iomlán próiseála 28 lá oibre, ar an meán.

- Rinneadh uasdátú leanúnach le linn 2010 as an mbunachar Sonraí d'Eolas Comhroinnte do Oibrithe Cásanna Leithleacha (CSK) chun acmhainn taighde a sholáthar i gcomhair oibrithe de chuid na hOifige a bhí ag plé leis an bpróiseas tearmainn. Lean an tAonad um Thaighde agus Anailís laistigh den Oifig den obair a bhaineann le bailiúcháin COI suas chun dáta a thógáil agus a chothabháil le rochtain ag úsáideoirí, i gcomhar le cuidiú luachmhar an Ionaid Doiciméadaithe do Dhídeanaithe (RDC).

- Chuir ORAC le hullmhú "Iarratas ar Fhorthairiscintí" do sholáthar cártaí Theastas Cónaithe Sealadacha, a imlíníonn a díotha maidir le dearadh an chárta. Tá an tAonad Seirbhísí Roinnte INIS ag plé leis an bpróiseas forthairisceana.

- Choinnigh ORAC idirchaidreamh leis an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Comhtháthaithe d'fhonn liosta seolta cothrom le dáta a choinneáil d'iarratasóirí.

- Lean ORAC ag cur a nósanna imeachta chun cuidiú le cinneadh a dhéanamh an raibh iarratasóirí níos sine nó níos óige ná 18 mbliana d'aois i bhfeidhm.

Mí-úsáid a Bhrath agus a Íoslaghdú

- Lean an Oifig ag comhthiúnadh a nósanna imeachta d'fhonn a chinntiú gur thángthas ar nó gur íoslaghdaíodh aon mhí-úsáid den phróiseas tearmainn, agus gur leanadh ar aghaidh ag cosaint ionracas an phróisis. Tugadh faoi réimse tionscnaimh chun na críche seo lena n-áirítear oiliúint oibrithe cáis ar leith, malartú eolais faoi réir na reachtaíochta le heagraíochtaí eile agus Ballstáit an AE agus úsáid ilchórais teicneolaíochta faisnéise cosúil le EURODAC, AFIS agus AVATS.

- Lean an tAonad Imscrúdaithe agus Idirchaidrimh ORAC, bunaithe i 2009 chun forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh chun teacht agus chun srian a chur ar mí-úsáid chóras tearmainn an Stáit, ag déanamh monatóireachta ar chlaonadh agus idirchaidreamh a bheith aige le gníomhaireachtaí Stáit eile cosúil leis an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann, Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda, Aonad Frithgháinneála ar Dhaoine na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí chomh maith le Ranna Rialtais agus Ballstáit an AE, go háirithe an RA.

- Tá ceangal dlí ar iarratasóirí ar thearmann comhoibriú leis an bpróiseas tearmainn. Sa chás nár chomhoibrigh iarratasóirí (m.sh. gan freastal ar agallamh ar an dáta ceapáirithe gan chúis réasúnta a thaispeáint; gan athrú seolta nó gan eolas ábhartha a sholáthar i leith a n-iarratais a chur faoi bhráid an Choimisinéara), measadh go raibh a gcásanna aistarraingthe faoi fhorálacha Acht na nDídeanaithe, 1996. Measadh 525 cás aistarraingthe i 2010, bhí 142 acu sin de thoradh aistrithe na n-iarratas faoi phróiseas AE Bhaile Átha Cliath II.

- Deir líon suntasach iarrthóirí gur thaistil siad go dtí an Stát ar eitleán, rud a chiallódh go mbeadh doiciméid chéannachta, lena n-áirítear víosa ag an bpointe fágála, de dhíth orthu. Is iomaí sin iarrthóir den chineál sin, áfach nach soláthraíonn don Oifig pas nó

fianaise dhoiciméadach eile dá gcéannacht nó dá náisiúntacht ráite nó aon doiciméid taistil a thaispeánfadh cé mar a tháinig siad isteach sa Stát. Go minic, tugann úsáid nósanna imeachta agus córas amhail Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II, EURODAC, AFIS (méarlorgaíochta) agus AVATS (víosa), chomh maith le comhoibriú feabhsaithe le Ballstáit eile an AE, go háirithe an Ríocht Aontaithe, eolas i dtaobh na n-iarratasóirí seo, nach mbeadh ar fáil de ghnáth mar gheall ar an easpa doiciméadaithe curtha i láthair.

- Lean ORAC d'úsáid a bhaint as anailís teanga le linn na bliana.

- Sa chás go raibh imní agus buarthaí ag ORAC maidir le údaracht doiciméadaithe aitheantais, cuireadh ar aghaidh chuig Biúró Teicniúil an Gharda (GTB) le haghaidh scrúdaithe.

- Ar iarratas ón mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe, rinne an tAonad Láithreoireachta roinnt iarratais alt 16(6) chuig Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda (GNIB) agus chuig Biúró Teicniúil an Gharda (GTB) chun anailís a dhéanamh ar roinnt doiciméid, cinn a bhain le céannacht san áireamh, mar shampla, pasanna nó doiciméid náisiúnta céannachta.

- Leanadh le socruithe chun déileáil le cásanna gáinneála féidearthachta i 2010. Chuimsigh sé seo idirchaidreamh, mar shampla le hAonad Frithgháinneála ar Dhaoine na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí agus le Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda.

- Rinneadh athbhreithniú agus athnuachan ar na socruithe um tuairisciú inmheánach laistigh d'ORAC i dtaca le cásanna de gháinneáil ar dhaoine.

- Leanadh leis an úsáid ba mhó agus ab fhéidir a bhaint as Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II agus as próiseas méarlorgaíochta EURODAC i gcaitheamh na bliana chun a shocrú cérbh iad na hiarratasóirí ar chóir a phróiseáil i Stát Conraithe eile.

- Leanadh ag baint úsáide as rochtain cuid AVATS sna hAonaid Fáiltithe agus Bhaile Átha Cliath ORAC chun cuidiú le teacht ar iarratasóirí a rinne iarratas ar víosa chun a chur ar a gcumas acu taistil chun an Stáit, ach a choinníonn an t-eolas seo siar ina n-iarratas ar thearmann. I 2010, thángthas ar 181 duine le víosa Éireannach bailí mar dhaoine a thaistil chun an Stáit agus ansin iarratas a dhéanamh ar thearmann. Seasann an figiúr seo do 9.3% d'iarratas ar thearmann a fuarthas i 2010.

A bheith mar ionadaí ag an gCoimisinéir ag éisteachtaí achomhairc os comhair an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe

- I 2010, ar aon dul le titim ar iarratais ar thearmann, bhí laghdú ar líon na n-éisteachtaí achomhairc sceidealta le haghaidh seirbhíse ag foireann Láithreoireachta ORAC i gcomparáid leis an dá bhliain roimhe. Freastalaíodh ar 1,828 achomharc ar an iomlán i 2010 i gcomparáid le 3,190 cás i 2009.

- Eagraíodh sceidealú na n-éisteachtaí i gcomhar leis an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe. Rinneadh cásanna a sceidealú ar bhealach inar cuireadh san áireamh go

bhféadfaí cásanna a chur siar nó ar athló agus rinne soláthar chun aschur an Aonaid Láithreoireachta a uasmhéadú.

- Tugadh oiliúint iomlán do gach Oifigeach nua Láithreoireachta a sannadh don Aonad maidir le nósanna imeachta RSD, taighde COI, oiliúint ar leith d'oibrithe cáis agus oiliúint i bhfeidhm na Láithreoireachta sular sannadh cásanna os comhair an Bhinse dóibh. Lean comhghleacaithe níos cleachta d'oiliúnú agus de mheantóireacht a thabhairt dóibh.

- Déileáladh le gach ceist alt 16(6) ó Bhinse Achomharc na nDídeanaithe laistigh de na tréimhsí ama socraithe. Fuarthas agus freagraíodh ar 77 iarratas alt 16(6) i 2010.

- Lean painéal abhcóidí, aturnaetha agus céimithe dlí, a bunaíodh i 2009, ag tacú leis an gCoimisinéir ag éisteachtaí os comhair an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe. Íoctar táille le baill an phainéil seo ar bhonn "cás curtha i gcrích" agus ghlacadar cúram de riaráiste ar leith de chásanna RAT.

- Bhí laghdú suntasach ar mhéid na hoibre ar fáil chuig an bpainéal seo faoi dheireadh 2010 mar gheall ar an dul chun cinn substaintiúil a rinne an painéal agus oifigigh láithreoireachta ORAC chun fáil réidh le hobair bhaiceáilte RAT i 2009 agus 2010.

Beartais agus nósanna imeachta chun iomláine an phróisis tearmainn a chosaint

- Lean an tAonad um Beartas agus Nósanna Imeachta de phríomhthreoracha nós imeachta agus treoracha polasaí ORAC a choimeád cothrom le dáta le linn 2010. Cuireann sé seo ar a gcumas ar fhoireann ORAC rochtain éasca a bheith acu ar na polasaithe agus nósanna imeachta maidir lena limistéar feidhmithe.

- Leanadh le béim a leagadh ar an bpróiseas Dearbhaithe Cáilíochta le haiseolas soláthraithe chuig oibrithe cáis agus leasuithe déanta ar nósanna imeachta inmheánacha mar gheall ar thoradh athbhreithnithe dlíthiúla agus cinntí an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe.

- Bhí ionchur ag ORAC in obair agus d'fhreastal sé ar chruinnithe fóram ábhartha idirnáisiúnta a déileálann le ceisteanna tearmainn agus dídeanaí cosúil le Grúpaí Oibre de chuid an Aontais Eorpaigh, na Comhairlithe Idir-Rialtasacha ar Thearmann, ceisteanna Dídeanaí agus Imirce (IGC) lonnaithe sa Ghinéiv, Comhdháil Sheirbhísí Inimirce Stiúrthóirí Ginearálta an AE (GDISC) agus Eurasil (Líonra Eorpach do Chleachtóirí Tearmainn). D'fhreastal an Coimisinéir ar an gcéad chruinniú den Oifig Tacaíochta Tearmainn Eorpaigh (EASO) i Samhain 2010. Is é an Coimisinéir ionadaí na hÉireann ar Bhord Bainistíochta EASO.

Sprioc Ardleibhéil 4

Sársheirbhís do chustaiméirí a choinneáil.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2010-2012

- *Seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí.*
- *Eolas soiléir a sholáthar dár gcustaiméirí maidir leis an bpróiseas tearmainn.*
- *Modh déanta gearán cuimsitheach agus éifeachtach a sholáthar.*

Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí

- Déanann ORAC gach iarracht ar bhonn leanúnach a chinntiú go gcuirtear seirbhís phroifisiúnta, éifeachtach agus ar ardchaighdeáin dá chustaiméirí, ar aon dul lenár bPlean Aicsin um Sheirbhís do Chustaiméirí 2010-2012 agus Cairt Custaiméara.

- Gach bliain, reáchtálann an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí de chuid Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe (ORAC), faoi théarmaí a Chairt um Sheirbhísí do Chustaiméirí, suirbhéanna chun tuairimí ár gcustaiméirí a dhéanamh amach ar na seirbhísí éagsúla soláthraithe ag ORAC. Bhain an suirbhé seachtrach i mbliana le cáilíocht na seirbhíse soláthraithe chuig scairteoirí chuig Aonad Fáiltithe ORAC.

- Bhí torthaí an tsuirbhé thar a bheith dearfach agus is féidir é seo a fheiceáil a bhuí leis na rudaí seo a leanas:

  Dúirt gach freagróir gur dhéileáladh leo go cuirtéiseach agus le meas.

  Thug 98% dóibh sin a d'fhreagair an cheist: ***'An raibh tú sásta le cáilíocht na seirbhíse a bhfuair tú?'*** go raibh siad thar a bheith sásta/sásta le cáilíocht na seirbhíse a bhfuair siad.

  Shíl 98% d'fhreagróirí go raibh an fhoireann thar a bheith cabhrach/cabhrach.

  Dóibh siúd a thug le fios gur bhain siad úsáid as ateangaire agus a d'fhreagair na ceisteanna leantacha ag iarradh orthu an raibh siad sásta leis an ateangaire, dúirt 100% go raibh.

  Ón 46 duine a d'fhreagair an cheist maidir le cáilíocht an eolais faighte, bhí 98% thar a bheith sásta/sásta le cáilíocht an eolais a bhfuair siad.

  Ón 45 duine a d'fhreagair an cheist maidir leis an áit feithimh, bhí 98% sásta/thar a bheith sásta leis.

- Cosúil le blianta roimhe, lorgaíodh gach comhfhreagras faighte san eagraíocht agus tugadh freagra dó, go ginearálta, laistigh de 20 lá oibre ón dáta a fuarthas é. Tá sé seo ar aon dul le tiomántais i gCairt Custaiméara ORAC agus an Plean Aicsin um Sheirbhísí do Chustaiméirí.

- Ar aon dul le straitéis cumarsáide inmheánaí ORAC, reáchtáladh cruinnithe aonaid reatha d'fhonn a chinntiú go raibh an fhoireann go huile is go hiomlán suas chun dáta ar fhorbairtí eagraíochtúla.

- Bhuail an Painéal Idirchaidrimh um Sheirbhísí do Chustaiméirí i Samhain 2010 chun plé a dhéanamh ar roinnt ábhair le hionadaithe NGOanna a oibríonn le iarratasóirí ar thearmann agus le dídeanaithe.

- Rinne an eagraíocht forbairt ar nósanna imeachta inmheánacha chun déileáil le tríú páirtithe, nach iarratasóirí ar thearmann iad ná a n-ionadaithe, ag déanamh teagmhála leis an oifig.

- Lean ORAC ag bualadh le gníomhaireachtaí ábhartha eile, lena n-áirítear an HSA agus RLS d'fhonn tuairimí a mhalartú ar fheidhmiú éifeachtach agus feidhmiúil an phróisis tearmainn.

- Déileáil an tIonad um Sheirbhísí do Chustaiméirí le 14,300 fiosrúchán le linn na bliana. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach Tábla A ag Aguisín 5.

Eolas soiléir do chustaiméirí

- Lean an tIonad um Seirbhísí do Chustaiméirí ag soláthar sheirbhís freagairt gutháin ó Luan go hAoine gach seachtain ó 09.15 go 17.30.

- Tá nádúr an ábhair eolais chuimsithigh soláthraithe chuig iarratasóirí ar an bpróiseas tearmainn imlínithe in áiteanna eile sa tuarascáil seo.

Nós Imeachta Gearrán Custaiméirí

- Tá imlíne déanta ar nós imeachta gearrán custaiméirí ORAC ina Chairt Custaiméirí agus Plean Aicsin um Sheirbhísí do Chustaiméirí agus leantar le hathbhreithniú a dhéanamh air d'fhonn a chinntiú go bhfeidhmíonn sé ar bhealach éifeachtach.

Sprioc Ardleibhéil 5

Bainistiú éifeachtach agus críochnúil a dhéanamh ar ár n-eagraíocht agus a cuid acmhainní agus cúram ar leith a dhéanamh d'fhorás ár bhfoirne.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2010-2012

- *A chinntiú go dtacaíonn ár gcreataí pleanála um ghnó agus feidhmíocht aonair le feidhmíocht optamach na heagraíochta.*
- *Acmhainní daonna a bhainistiú chun riachtanais ghnó na heagraíochta agus riachtanais foráis na foirne a chomhlíonadh.*
- *Úsáid optamach a bhaint as réitigh TFC chun tacú le riachtanais gnó na heagraíochta.*
- *Úsáid éifeachtach acmhainní airgeadais a chinntiú.*
- *Bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar sheirbhísí agus ar shaoráidí na hOifige.*
- *Tiomantas láidir a spreagadh do bhealaí nua oibre trí Chomhpháirtíocht.*
- *Tacaíocht chorparáideach ardchaighdeáin a sholáthar d'ORAC chun gur féidir léi a feidhmeanna reachtúla agus neamhreachtúla a chomhlíonadh agus monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar chumarsáid na hOifige, go hinmheánach agus go seachtrach.*

Pleanáil Ghnó

- Tá pleanáil ghnó ina heochaireilimint de phróiseas bainistithe ORAC agus cuireann sé ar a cumas ag an eagraíocht béim a leagadh ar thosaíochtaí maidir le hacmhainní ar fáil agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn ag dátaí rialta. Dhréachtaigh gach Aonad Pleananna Gnó ag tús na bliana agus rinneadh athbhreithniú orthu go ceathrúnach. Rinneadh aon cheartú a theastaigh dé réir mar a tháinig an gá chun cinn.

- Leanadh le béim láidir a leagadh ar phróiseáil phras agus fheidhmiúil d'iarratais ar thearmann, d'iarratais athaontaithe theaghlaigh, d'achomhairc chuig an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe agus cásanna Rialacháin AE Bhaile Átha Cliath II i bPleananna Gnó an Aonaid i 2010. Chuimsigh na Pleananna tiomántais i leith Dhearbhú Cáilíochta agus Seirbhísí do Chustaiméirí.

- Ionas go raibh sé ar a cumas ag an eagraíocht rioscaí féideartha a aithint roimh ré agus d'fhonn a chinntiú go leanadh le laigsí a chur i bhfeidhm chun an ionchur ar ORAC a laghdú, a custaiméirí agus a páirtithe leasmhara, lean an eagraíocht arís le measúnú bainistithe riosca mar chuid de phleanáil ghnó. Tá sainaithint luath de rioscaí eagraíochtúla féideartha ina chomhartha fadbhunaithe de phleanáil ghnó ORAC.

- Rinneadh monatóireacht ar Chláir Riosca do gach Plean Gnó na nAonad go ceathrúnach agus tugadh faoi aicsean cuí faoi mar a theastaigh sé.

- Leanadh le monatóireacht ar chláir riosca bainistithe athraithe arna fhorbair do gach Aonad in ORAC. Cuireann na cláir riosca seo sonraí ar fáil maidir leis na heochairdhúshláin do gach roinn agus teacht chuig agus tar éis cur i bhfeidhm (faoi réir fhormheas an Oireachtais) an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2010, chomh maith leis na haicsin ghaolmhara a theastaigh chun turraing na rioscaí seo a laghdú.

Acmhainní Daonna/Oiliúint

- Leanadh le cur i bhfeidhm an Stráitéis AD agus Tacaíochta Foirne (2009-2010) le réimse leathan geall curtha i gcrích nó curtha ar aghaidh. Rinneadh monatóireacht ar dul chun cinn cur i bhfeidhm na Straitéise i gcomhthéacs an phróisis phleanáil gnó. Ullmhaíodh agus eisíodh Tuarascáil Dul Chun Cinn chuig an gCoiste Páirtíochta agus Foirne i 2010. Cuireadh obair ar an tríú Stráitéis AD agus Tacaíochta Foirne i gcrích chun an tréimhse 2011-2013 a chlúdach le linn na bliana. Leanfaidh an Stráitéis seo ag soláthar creathlaí don eagraíocht go dtí go n-achtaítear an Bille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2010 agus go dtí go bhfuil ORAC fo-ghlactha chuig an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS).

- Lean cur i bhfeidhm an dara Stráitéis Oiliúna agus Forbartha (2009-2011) de chuid ORAC ar aghaidh agus cuireadh réimse leathan geall i gcrích nó chun cinn. Déantar monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn cur i bhfeidhm ag cruinnithe bainistíochta míosúla, sna leasaithe Phlean Gnó go ceathrúnach agus sa Thuarascáil Bhliantúil. Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo leanúint de bheith ag socrú spriocanna agus cuspóirí chun soláthar agus forbairt a dhéanamh ar an eolas, ar na scileanna agus ar na cumais a theastaíonn chun cabhrú le lucht foirne aidhmeanna na heagraíochta a bhaint amach agus soláthar a dhéanamh dá ndíotha forbartha oiliúna pearsanta.

- Lean gach ball den fhoireann dá rannpháirtíocht sa phróiseas a bhaineann le Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) le linn 2010. Ar na buntáistí a bhaineann le PMDS do lucht foirne, do lucht bainistíochta agus don eagraíocht tá, soiléiriú a sholáthar i dtaobh ról agus tosaíochtaí, feidhmíocht a fheabhsú agus le cur chuig córasach maidir le forbairt phearsanta. Is é is aidhm do PMDS, feidhmíocht oibre, forbairt agus gairmréim gach ball foirne a bhainistiú i gcomhthéacs spriocanna an duine aonair, an rannáin agus na heagraíochtaí i gcoitinne a bhaint amach.

- Le cabhair ón Oifigeach um Chúnamh d'Fhostaithe sa Roinn Dlí agus Cirt, agus Athchóirithe Dlí, leanadh den tionscnamh Tacaíochta Piara i 2010. Is é cuspóir na piarthacaíochta, a tugadh isteach i 2003, ná féachaint chuige go mbíonn na córais riachtanacha in áit ag an Oifig mar thaca le lucht foirne a bhíonn ag plé le hiarrthóirí ar íospairtigh iad a céasadh nó ar caitheadh go táireach ar bhealaí eile leo ina dtíortha tionscnaimh.

- Lean ORAC le hoiliúint a sholáthar i gCinneadh Stádas Dídeanaithe d'fhoireann mar a theastaigh sé. Cuireadh Oiliúint Leanaí Scartha ar fáil d'fhoireann ORAC ag an

UNHCR, chun foireann a chumasú chun déileáil go mothálach agus go cuí le mionaoisigh gan duine ina gcuideachta le linn an phróisis cinnidh stádas dídeanaithe. D'fhreastal foireann HSE, RLS agus RAT ar an oiliúint freisin.

- Chomh maith le hoiliúint oibríochtúil a sheachadadh i ranna cosúil le cinneadh stádas dídeanaithe, eolas thír thionscnaimh agus ionduchtú bainteach go sonrach le hobair cáis, seachadadh oiliúint sna ranna seo a leanas: idirchultúrachas, bréag-éisteachtaí, Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II, rVíosaí, feasacht chalaois doiciméadaithe, scileanna ceannais, bainistíocht ama, scileanna oiliúna do dhaoine fostaithe, scileanna oiliúna do bhainisteoirí, scileanna ceannaireachta, scileanna scríbhneoireachta praiticiúla, bainistiú caismirte, feasacht míchumais, scileanna gnóthaíochta, bainistiú struis, léitheoireacht luais, MS Excel, MS Word, MS Powerpoint agus bogearraí staitistiúil SPSS.

- Leanadh le cláir ionduchtaithe foirne cuimsithí a sholáthar do gach ball foirne nua de chuid ORAC.

- Ar an iomlán, cuireadh 457 aonaid oiliúna ar fáil do lucht foirne san eagraíocht le linn na bliana. Dréachtaíodh agus imíodh Plean Oiliúna Bliantúla do 2010 chuig gach ball foirne a thóg tosaíochtaí oiliúna eagraíochtúla agus díotha oiliúna aonair aitheanta tríd an tséir PMDS san áireamh.

- Chuimsigh an clár oibre den Fhoireann Idirlinne don Nós Imeachta Aonair forbairt ar chlár oiliúna cuimsithí mar ullmhú do thabhairt isteach gnéithe coimeádta an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2010, agus é formheasta ag Tithe an Oireachtais.

- Coimeádadh acmhainní foirne an hOifige faoi athbhreithniú leanúnach ag leibhéal aonaid agus ag leibhéal eagraíochta araon agus rinneadh athleithdháileadh agus atheagrú ar acmhainní go hinmheánach agus ar bhonn INIS uile, le linn na bliana chun freastal ar riachtanais ghnó atá ag athrú.

- De thoradh ar thitim i líon na n-iarratas ar thearmann agus an gá leanúnach le hacmhainní a imscaradh agus a úsáid go héifeachtach, athúsáideadh 31 ball foirne chuig INIS agus chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí le linn 2010. Anuas air sin, athúsáideadh beirt bhall foirne chuig an Roinn um Chosaint Sóisialta. Níor ceapadh baill nua chun na foirne ina n-áit.

- Bhain beirt bhall foirne leas as an Scéim Sosa Gairme Spreagtha Speisialta sa tSeirbhís Sibhialta i 2010 agus bhain beirt eile leas as an Scéim Sosa Gairme Speisialta sa tSeirbhís Sibhialta. Ina theannta sin, d'imigh ceathrar ar scor le linn na bliana agus sheas beirt eile síos óna gceapacháin. Níor cheapadh aon duine ina n-áit.

- Lean beirt ag obair leis an Aonad Tuarascálacha agus Anailíse (RAU) de chuid INIS. Tá sé mar chuspóir ag an INIS RAU tacú le hINIS (an Oifig san áireamh) i gcoitinne maidir le faisnéis staitistiúil chun críche bainistíochta, oibríochta agus pleanála straitéisigh.

- Lean beirt bhall foirne ag obair leis an Tionscadal TF AISIP.

- Leanadh le soláthar seisiún "Lóin agus Foghlaim" do lucht foirne i 2010 faoi chúrsaí oibre éagsúla agus ginearálta.

- Le linn 2010, leanadh le tacaíocht a chur ar fáil do bhainisteoirí (agus do bhaill ainmnithe eile den fhoireann) maidir le feidhmeanna déabhlóidithe Acmhainní Daonna.

- Ghlac ORAC páirt i gClár Intéirneachta Dlí na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo tuiscint níos fearr a thabhairt do chéimithe dlí agus eile maidir le ceisteanna earnála poiblí, mar aon le taithí níos leithne a thabhairt dóibh agus cúnamh dlí a sholáthar don Roinn agus dá gníomhaireachtaí ag an am céanna ó thaobh an dlí de. Earcaíodh cúig intéirneach do thréimhsí éagsúla ar chonradh sealadach agus ceapadh iad ar réimse oibre taighde san Oifig.

- Ghlac ORAC páirt i gClár Áitiú Oibre FÁS freisin. Thug Céimí Áitiú Oibre amháin faoi chonradh sé mhí.

- Mar chuid d'obair ORAC chun géilliúlacht leis an Acht um Míchumas, 2005, a chinntiú agus ag eascairt as an bPlean Forfheidhmithe Comhionannais d'ORAC, lean an Oifig ag seachadadh oiliúint feasachta míchumais d'eochairfhoireann túslíne.

- Coinníodh idirchaidreamh rialta leis an Oifigeach Cabhrach Fostaithe maidir le saincheisteanna bainteach le hobair eispéirithe ag foireann. Anuas air sin, reáchtáladh Clinicí Foirne ina raibh baill d'Aonad Tacaíochta Foirne ar fáil chun ceisteanna ón bhfoireann a fhreagairt.

- Cuireadh Lá Cothroim Shaol Oibre chun cinn ar an 1 Márta 2010. Tá réimse leathan scéim cothroim shaol oibre ar fáil don fhoireann lena n-áirítear roinnt oibre, téarma-am, fleisc-am agus saoire thuismitheoirí.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Staitisticí

- Lean ORAC le hionchur, de réir mar a theastaigh sé, i réamhobair forbartha Chlár Comhtháthaithe Straitéisigh Tearmainn agus Inimirce (AISIP) ag leibhéil Boird Tionscnaimh agus grúpa saineolaithe lena n-áirítear, go sonrach, an próiseas bainistithe athraithe d'AISIP. Táthar ag siúl go ngabhfaidh AISIP beo ag deireadh 2011.

- Lean an córas TF CITRIX de chuid na Roinne ag soláthar tacaíocht do bhunachair shonraí ORAC lena n-áirítear Bainistiú Beo.

- Soláthraíodh tuilleadh oiliúna d'fhoireann ar úsáid an bogearraí Intelliview le húsáid leis an mbunachar Sonraí Dúshlán Dlíthiúla. Tacaíonn bogearraí Intelliview le ginniú tuarascálacha staitistiúla ón mbunachar sonraí Bhainistiú Beo.

- Lean an Córas Faisnéise Thír Thionscnaimh (r-leabharlann), a sheoladh déanach i 2007 mar chuid den tionscadal AISIP, le bheith ina chabhair d'ORAC. Soláthraíonn an córas áiseanna do chothabháil agus rochtain ar fhaisnéis leictreach lena n-áirítear

tuarascálacha COI, Beartais Eolais Thíortha, freagraí gan ainm ar fhreagraí COI, catalóg leabharlainne agus ábhair dhlíthiúla. Soláthraíonn sé do bhainistiú na leabharlainne iasachta an Aonaid Doiciméadaithe do Dhídeanaithe agus bainistiú admhála agus próiseála ceisteanna a fuarthas maidir le iarratas ar thearmann ó chliaint an RDC. Tá an RDC ag leanúint le comaoineacha bogearraí chuig an gcóras a shocrú chun solúbthacht a acmhainne cuardaigh a uasmhéadú. Tharla roinnt uasghrádaithe bogearraí i 2010.

- Is trí chóras slán cumarsáide leictreonaí ar a dtugtar DubliNET a théann Stáit Chonraitheach Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II i mbun cumarsáide le chéile. Lean an Roinn TF de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí ag tacú leis an gcóras seo i 2010.

Acmhainní Airgeadais

- Lean ORAC ag cur rialúchán inmheánacha cuí agus rialachán airgeadais sheachtracha i bhfeidhm i 2010 d'fhonn a chinntiú go raibh caiteachas taobh istigh den bhuiséad agus i gcomhréir le Nósanna Imeachta Polasaí Airgeadais agus Treoirlínte Soláthair Poiblí. Rinneadh monatóireacht ar chaiteachas d'fhonn luach ar airgead a chinntiú.

- Tá táirgeacht chaiteachas ORAC do 2010 leagtha amach in Aguisín 6 den tuarascáil seo.

Dílárú

- Cé nach raibh ORAC curtha san áireamh sa chlár díláraithe le linn na bliana, aistríodh foireann chuig agus ón eagraíocht i gcomhthéacs na socruithe díláraithe.

Seirbhísí Tacaíochta Inmheánacha

- Lean feidhm seirbhísí roinnte ORAC (tacaíocht eagraíochtúil agus airgeadais) le bheith soláthraithe ag an Aonad Seirbhísí Roinnte INIS a chuimsíonn iarfhoireann ORAC.

- Lean an fheidhm cóipeála/clárlainne de chuid an Aonaid Riaracháin agus Socruithe ag soláthar eochairsheirbhís tacaíochta chuig an Oifig trí 1,590 comhad a chóipeáil, 15,334 comhad a logáil isteach is amach ó Chartlann agus trí dhéileáil le 2,962 ceist Deisce cabhrach le linn 2010. Rinne an tAonad, i gcomhpháirtíocht le haonaid eile in ORAC, agus é mar aidhm aige éifeachtaí uasta a bhaint amach ó thaobh úsáid foirne agus acmhainní de, athbhreithniú agus luathaithe ar a gcleachtais oibre chun comhaid cáis a chóipeáil, a thógáil agus a bhogadh.

Comhpháirtíocht

- Leanann an próiseas Comhpháirtíochta le bheith ina heochaireilimint de bhainistiú athraithe agus nuachóiriú taobh istigh den eagraíocht. Cruthaíodh an t-ochtú Coiste

Comhpháirtíochta ORAC i mí Mheán Fómhair 2010, agus reáchtáladh cruinniú amháin de roimh dheireadh na bliana. Bhuail an Coiste roimhe faoi chúig le linn na bliana agus plé sé réimse leathan saincheist.

- Reáchtáil Coiste Sóisialta ORAC, a bunaíodh mar Ghrúpa Oibre Choiste Comhpháirtíochta i 2006 chun imeachtaí sóisialta a chur chun cinn in ORAC, roinnte imeachtaí rathúla le linn na bliana.

- Ag leanúint ó roinnt imeachtaí rathúla a reáchtáladh le linn na bliana, bhronn an Coiste Tiomsaithe Airgid don Phobal Áitiúil seic de €1,000 ar an gcomhdháil áitiúil de Chumann Naomh Uinseann de Phól ar an 12 Nollaig 2010.

Forbairtí Corparáideacha

- Leanann Ráiteas Straitéiseach ORAC 2010-2012 ag leagadh síos treoir shoiléir do ghníomhaireachtaí na hOifige ag druidim i dtreo na socruithe reachtúla nua pleanáilte sa Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2010 (ag brath ar achtú) faoina mbeidh ORAC fo-ghlactha chuig an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS).

- Tá Ráiteas Beartais Sláinte agus Sábháilteachta na hOifige ina chabhair leanúnach don Oifig maidir lena freagrachtaí i leith a lucht foirne agus a custaiméirí a chomhlíona faoin reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta. Baineann scata tionscnamh leanúnacha leis sin, ar a n-áirítear:

  - Ceapadh agus oiliúint luch foirne mar Mhaoir Dóiteáin agus oiliúint foirne i ngarchabhair agus in úsáid Dífhibrileoirí Cairdiacha.
  - Feasacht foirne ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta.
  - Athbhreithniú agus feabhsú ar nósanna imeachta na hOifige i leith slándála agus sábháilteachta don shábháilteacht is fearr d'fhoireann agus do chustaiméirí ORAC.

Úsáid Fuinnimh

Ó 2010, tá ar gach Oifig agus Roinn de chuid an Rialtais tuairisciú ar bhonn bliantúil ar a n-úsáid fuinnimh agus na gníomhaíochtaí tógtha chun caitheamh fuinnimh a laghdú.

Ghnóthaigh an Oifig sábháil de thart ar 8% ar a caitheamh fuinnimh i 2010 i gcomparáid le 2009. Ba iad gás agus leictreachas an t-aon fhoirm d'fhuinnimh a úsáideach inár bhfoirgneamh Theach Timberlay agus bhí na sábhála fuinnimh a gnóthaíodh le linn na bliana a bhuí le, inter alia, conlán foirne agus monatóireacht ar na córais soilse agus teasa. Is féidir teacht ar bhriseadh síos níos mionchruinne ar ár gcaitheamh fuinnimh in Aguisín 7.

Cuid 4

Aguisíní

Aguisín 1

Struchtúr Fhoireann Bhainistíochta ORAC

Aguisín 1

Struchtúr Fhoireann Bhainistíochta ORAC

Coimisinéir			
Príomhoifigeach**			
Príomhoifigeach Cúnta	Príomhoifigeach Cúnta	Príomhoifigeach Cúnta	Príomhoifigeach Cúnta
An tAonad Tacaíochta & Oiliúna Foirne*	An tIonad Seirbhísí Corparáideacha & do Chustaiméirí* An tAonad Athaontaithe Theaghlaigh*	An tAonad Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh* An tAonad Taighde (COI) agus Anailís Dlí*	An tAonad Láithreoireachta* Aonad Tuairiscithe agus Anailíse (gnéithe ORAC)*
Príomhoifigeach			
Príomh oifigeach Cúnta	Príomh oifigeach Cúnta	Príomh oifigeach Cúnta	Príomh oifigeach Cúnta
Aonaid Próiseála Cáis	An tAonad Rialacháin AE Bhaile Átha Cliath An tAonad Imscrúdaithe & Idirchaidrimh	An tAonad Riaracháin agus Socruithe An tAonad Fáiltithe	An tAonad Polasaí & Nósanna Imeachta An Fhoireann Idirlinne Nósanna Imeachta Aonair

**Tuairiscíonn na hAonaid seo díreach chuig an gCoimisinéir*
*** Folúntas amháin do Phríomhoifigeach*

Aguisín 2

Forléargas ar Aonaid ORAC

Aguisín 2 - Forléargas ar Aonaid ORAC

1. An tAonad Riaracháin agus Socruithe

Seo a leanas feidhmeanna an Aonaid:

- agallaimh a sceidealú d'iarratasóirí ar thearmann.
- socruithe a dhéanamh ionas go mbeidh seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin ar fáil.
- an áit feithimh d'agallaimh a bhainistiú.
- fógraí cinnidh a eisiúint d'iarratasóirí tearmainn agus do pháirtithe lena mbaineann i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ar thearmann.
- próiseáil a dhéanamh ar chásanna a mheastar a bheith tarraingthe siar.
- tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do na hAonaid Próiseála.
- comhfhreagras a phróiseáil maidir leis na hAonaid Próiseála Cáis.
- bogadh agus cóipeáil comhad a bhainistiú in ORAC.

2. Aonad Próiseála Cáis

Is croí-fheidhm ORAC é Próiseáil Cáis agus ciallaíonn sé éilimh ar stádas dídeanaí a imscrúdú ar bhonn cás ar chás. Is é príomhchuspóir na nAonad Phróiseála Cáis ná imscrúdú cóir, tráthúil agus éifeachtúil a dhéanamh ar iarratais ar dhearbhú mar dhídeanaí agus moltaí atá láidir ó thaobh an dlí de a dhéanamh maidir le hiarratais mar iad. Áirítear ar an imscrúdú agallamh aonair a chur ar iarratasóirí, taighde oibiachtúil a dhéanamh ar na héilimh a dhéantar agus moltaí a dhéanamh ar cibé ar chóir 'glacadh' le hiarratais nó 'diúltú' dó.

3. An tIonad Seirbhísí Corparáideacha & do Chustaiméirí

Is é ról na hOifige Corparáidí ná maoirsiú a dhéanamh ar sholáthar tacaíocht ardchaighdeáin riaracháin agus rúnaíochta don Choimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe agus dá Foireann Bainistíocht sinsearach chun a chumasú dó a feidhmeanna reachtúla agus neamhreachtúla a chomhlíonadh. Comhordaíonn an Oifig ábhar mar fhreagra ar iarratais ó *inter alia*, ranna/gníomhaireachtaí rialtais agus na meáin; ullmhaítear ann gach doiciméad corparáideach agus tá cúram uirthi as iad a scaipeadh. Tá cúram ar an Ionad um Sheirbhísí do Chustaiméirí as forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar struchtúir na seirbhíse do chustaiméirí, as bainistiú ceisteanna ó chustaiméirí agus as idirchaidreamh le heagraíochtaí eile (idir rialtasach agus neamhrialtasach).

4. An tAonad Rialacháin AE Bhaile Átha Cliath

Déileálann an tAonad seo le cur i bhfeidhm Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II. Tá an tAonad freagrach as cinneadh a dhéanamh cibé ar chóir iarratais ar thearmann a aistriú le haghaidh scrúdaithe chuig Stáit Chonraithe eile agus déileálann sé le hiarratais ó Stáit Chonraithe eile iarratasóirí ar thearmann a aistriú chuig an Stát seo.

5. An tAonad Athaontaithe Theaghlaigh

Scrúdaíonn an tAonad Athaontaithe Theaghlaigh iarratais ó dhídeanaithe ar chead go ligfí do bhaill áirithe dá dteaghlaigh teacht isteach agus cur fúthu sa Stát agus soláthraíonn sé tuarascáil ina leith sin don Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí.

6. An tAonad Imscrúdaithe agus Idirchaidrimh

Tá sé de chúram ar an Aonad Imscrúdaithe agus Idirchaidrimh forbairt a dhéanamh ar tionscnaimh chun cuidiú le hionracas an chórais tearmainn a chosaint.

7. An tAonad Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh

Ullmhaíonn an tAonad Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh freagra ORAC ar iarratais ar athbhreithniú breithiúnach (iarratais ar chead fágála san áireamh), i gcás moltaí agus/nó nósanna imeachta chéad uaire.

8. An tAonad Polasaí agus Nósanna Imeachta

Is é ról an Aonaid seo gníomhú mar acmhainn lárnach eolais chun treoir a sholáthar maidir le forbairt agus athbhreithniú leanúnach ar bheartas agus ar nósanna imeachta ORAC maidir le bainistiú agus imscrúdú iarratais ar thearmann. Ina theannta sin, déanann an tAonad comhordú ar agus soláthraíonn sé an oiliúint chuí do bhaill foirne maidir leis an bpróiseas cinnidh stádas dídeanaí.

9. An tAonad Láithreoireachta

Is é ról an Aonaid Láithreoireachta ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe ag éisteachtaí achomhairc os comhair an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe, freagairt a thabhairt ag éisteachtaí achomhairc ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas in achomharc an achomharcóra agus cuidiú leis an gComhalta Binse teacht ar mholadh cóir agus ceart. Soláthraíonn an tAonad freagrachtaí reachtúla faoi ailt 16(6) agus 16(7) d'Acht na nDídeanaithe, 1996. Ina theannta sin, tacaíonn an tAonad chomh maith le Painéal Láithreoireachta an Choimisinéara.

10. An tAonad Fáiltithe

Déileálann an tAonad Fáiltithe le glacadh agus le próiseáil iarratais ar thearmann nuair a fhaigheann ORAC iad ar dtús lena n-áirítear méarloirg a thógáil agus tabhairt faoi chinntí i leith chóras méarlorgaíochta EURODAC.

11. An tAonad um Thuairisciú agus Anailísiú

Is é an tAonad um Thuairisciú agus Anailísiú (RAU) atá freagrach as freagra a thabhairt ar iarratais ar eolas staitistiúil, as staitisticí a ullmhú don lucht bainistíochta agus as tiomsú agus scaipeadh tuairiscí staitistiúla tréimhsiúla. Cuid de RAU INIS is ea RAU ORAC.

12. An tAonad Taighde (COI) agus Anailís Dlí

Tá an tAonad seo freagrach as na rudaí seo a leanas:

- COI/Taighde mar thaca le próiseáil cásanna agus
- Bainistiú a dhéanamh ar an bhfeidhm Anailíse Teanga
- Anailís dlí/obair thaighde maidir le hathbhreithnithe breithiúnacha agus le hobair eile dlí arna ndéanamh ar son an Choimisinéara, agus
- Tacaíocht a thabhairt don fheidhm Dearbhaithe Cáilíochta taobh istigh d'ORAC.

13. An Fhoireann Idirlinne Nósanna Imeachta Aonair

Tá an Fhoireann Idirlinne um Nós Imeachta Aonair (SPTT) freagrach as forbairt na nósanna imeachta agus na bpolasaithe chomh maith leis na cláir oiliúna a theastaíonn mar éascaíocht do chur i bhfeidhm an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2010. Tabharfaidh an Bille nós imeacht aonair isteach chun plé le cúrsaí a bhaineann le dídeanaí, le cosaint chúntach agus le cead fanacht.

14. Tacaíocht agus Oiliúint Foirne

Is é ról an Aonaid Tacaíochta agus Oiliúna Foirne comhordú a dhéanamh ar sheachadadh oiliúint d'fhoireann agus feidhmeanna tacaíochta foirne eile a sholáthar. Oibríonn an tAonad

go dlúth le hAonaid eile agus oiliúnóirí inmheánacha d'fhonn a chinntiú go bhfuil na riachtanais oiliúna aitheanta agus go mbaineann an oiliúint na riachtanais eagraíochtúla amach trí bheith ábharthach agus sainiúil don phost.

Aguisín 3

Staitisticí Iarratas/Próiseála

Tábla 1. Líon na nIarratas in aghaidh na bliana ó 1992 go 2010



Bliain	Líon Iarratas	Athrú ón mbliain roimhe sin (%)
1992	39	-
1993	91	133.3
1994	362	297.8
1995	424	17.1
1996	1,179	178.1
1997	3,883	229.3
1998	4,626	19.1
1999	7,724	67.0
2000	10,938	41.6
2001	10,325	-5.6
2002	11,634	12.7
2003	7,900	-32.1
2004	4,766	-39.7
2005	4,323	-9.3
2006	4,314	-0.2
2007	3,985	-7.6
2008	3,866	-3.0
2009	2,689	-30.4
2010	1,939	-27.9
Iomlán	85,007	

Tábla 2. Iarratais a fuarthas de réir na míosa agus de réir na bliana



Mí	2009	2010	Athrú bliain ar bhliain (%)
Eanáir	254	189	-25.6
Feabhra	270	176	-34.8
Márta	270	167	-38.1
Aibreán	241	161	-33.2
Bealtaine	229	179	-21.8
Meitheamh	244	154	-36.9
Iúil	218	162	-25.7
Lúnasa	226	174	-23.0
M. Fómhair	197	155	-21.3
D. Fómhair	203	143	-29.6
Samhain	176	154	-12.5
Nollaig	161	125	-22.4
Iomlán	2,689	1,939	-27.9

Tábla 3. Líon na n-iarratas in aghaidh na bliana ó 1992 go 2010 de réir inscne



Bliain	Fireann	Baineann	Iomlán	Cóimheas Fir. - Bain.
1992	31	8	39	3.9
1993*	58	28	91	2.1
1994*	264	97	362	2.7
1995	334	90	424	3.7
1996*	875	299	1,179	2.9
1997	2,643	1,240	3,883	2.1
1998	2,869	1,757	4,626	1.6
1999	4,958	2,766	7,724	1.8
2000	6,602	4,336	10,938	1.5
2001	5,447	4,878	10,325	1.1
2002	5,773	5,861	11,634	1.0
2003	3,944	3,956	7,900	1.0
2004	2,521	2,245	4,766	1.1
2005	2,778	1,545	4,323	1.8
2006	2,875	1,439	4,314	2.0
2007	2,478	1,507	3,985	1.6
2008	2,469	1,397	3,866	1.8
2009	1,758	931	2,689	1.9
2010	1,265	674	1,939	1.9
Iomlán	49,942	35,054	85,007	1.4

* Cuimsíonn na hiomláin do na blianta sin cásanna nár luadh ‘inscne’ dóibh.

Tábla 4. Iarratais in aghaidh na bliana de réir grúpála aoise



Bliain	Leanbh [0 - 17]	Duine Fásta [18+]	Iomlán	Cóimheas Daoine Fásta - Leanaí
1992	6	33	39	5.5
1993*	18	68	91	3.8
1994*	31	330	362	10.6
1995	27	397	424	14.7
1996	138	1,041	1,179	7.5
1997	791	3,092	3,883	3.9
1998	1,063	3,563	4,626	3.4
1999	1,370	6,354	7,724	4.6
2000	2,456	8,482	10,938	3.5
2001	2,653	7,672	10,325	2.9
2002	2,678	8,956	11,634	3.3
2003	1,895	6,005	7,900	3.2
2004	1,071	3,695	4,766	3.5
2005	926	3,397	4,323	3.7
2006	964	3,350	4,314	3.5
2007	1,025	2,960	3,985	2.9
2008	1,016	2,850	3,866	2.8
2009	764	1,925	2,689	2.5
2010	573	1,366	1,939	2.4
Total	19,465	65,536	85,007	3.4

* Cuimsíonn na hiomláin do na blianta sin cásanna nár luadh ‘aois’ dóibh.

Tábla 5. Aois tugtha ag iarratasóirí 2010



Aoisghrúpa	Fireann	Baineann	Iomlán	Iomlán (%)	Cóimheas Fireann - Baineann
0 - 4	214	196	410	21.1	1.1
5 - 12	40	37	77	4.0	1.1
13 - 17	42	44	86	4.4	1.0
18 - 24	261	106	367	18.9	2.5
25 - 34	471	195	666	34.3	2.4
35 - 44	193	64	257	13.3	3.0
45 - 54	37	20	57	2.9	1.9
55 +	7	12	19	1.0	0.6
Total	1,265	674	1,939		1.9

Is féidir nárbh ionann iomláin agus 100% de bharr a slánaithe

Tábla 6. Ionaid iarratais in aghaidh na bliana



Láthair Iarratais	2009 Líon Iarratas	2009 %	2010 Líon Iarratas	2010 %
ORAC	2,167	80.6	1,519	78.3
Aerfoirt	260	9.7	273	14.1
Eile	262	9.7	147	7.6
Iomlán	2,689		1,939	

Is féidir nárbh ionann iomláin agus 100% de bharr a slánaithe.

Tábla 7. Na sé thír thionscnaimh ba choitianta a luadh i 2010 agus i gcomparáid le 2009



Náisiúntacht	2009 Líon Iarratas	%	2010 Líon Iarratas	%	Athrú bliain ar bhliain (%)
An Nigéir	570	21.2	387	20.0	-32.1
An tSín	194	7.2	228	11.8	17.5
An Phacastáin	257	9.6	200	10.3	-22.2
PD An Chongó	102	3.8	71	3.7	-30.4
An Afganastáin	68	2.5	69	3.6	1.5
Gána	82	3.0	57	2.9	-30.5
Eile	1,416	52.7	927	47.8	-34.5
Iomlán	2,689		1,939		

Is féidir nárbh ionann iomláin agus 100% de bharr a slánaithe

Tábla 8. Na sé thír thionscnaimh ba choitianta i 2010 de réir inscne



Náisiúntacht	Fireann	Baineann	Cóimheas Fireann - Baineann
An Nigéir	206	181	1.1
An tSín	152	76	2.0
An Phacastáin	157	43	3.7
PD An Chongó	40	31	1.3
An Afganastáin	66	3	22.0
Gána	33	24	1.4
Eile	611	316	1.9
Iomlán	1,265	674	1.9

Tábla 9. Líon na n-iarratas in aghaidh na bliana ó moinaoisigh gach duine ina gcuideachta, 2000 go 2010 de réir inscne



Bliain	Fireann	Baineann	Iomlán	Cóimheas Fireann - Baineann
2000	205	97	302	2.1
2001	373	227	600	1.6
2002	167	121	288	1.4
2003	127	144	271	0.9
2004	56	72	128	0.8
2005	71	60	131	1.2
2006	70	61	131	1.1
2007	39	55	94	0.7
2008	51	47	98	1.1
2009	28	28	56	1.0
2010	12	25	37	0.5
Iomlán	1,199	937	2,136	1.3

Tábla 10. Agallaimh sceidealta agus a rabhthas i láthair dóibh 2010



Mí	Ean	Feabh	Márta	Aib	Bealt	Meith	Iúil	Lún	MFomh	DFomh	Samh	Noll	Iomlán
Sceidealta*	187	175	173	185	154	118	130	137	122	118	144	97	1,740
I láthair	159	147	148	144	127	93	114	103	98	88	122	86	1,429
% I láthair	85.0	84.0	85.5	77.8	82.5	78.8	87.7	75.2	80.3	74.6	84.7	88.7	82.1

* Déanann an Oifig barraíocht agallamh a sceidealú gach mí, ionas gur féidir an t-am don agallamh a sceidealadh ach a cealaíodh a úsáideadh d'agallamh gníomhach eile, rud a chiallaíonn nach gcailltear an am agallóireachta. Baineann na figiúir thuas le líon na n-agallamh a raibh ORAC in ann seirbhísiú a dhéanamh orthu

Tábla 11. Cásanna curtha i gcrích 2010



Category	Iomlán (%)
Cead Tugtha	1.1
Diúltaithe s.13(4)(b)	34.8
Diúltaithe s.13(5)	24.9
Aistarraingthe s.13(2)	3.2
Measta a bheith Aistarraingthe s.13(2)	17.5
Measta a bheith Aistarraingthe s.22(8)	6.5
Rialachán Bhaile Átha Cliath II	12.0
Líon na gcásanna iomlána curtha i gcrích	2,192

Baineann na hailt le ailt an Achta um Dhídeanaithe, 1996

Cead Tugtha *Tá moladh déanta ag an gCoimisinéir go mbronnfaí stádas dídeanaí ar an iarratasóir.*

Diúltaithe s.13(4)(b) *Tá moladh déanta ag an gCoimisinéir nár cheart stádas dídeanaí ar an iarratasóir. Caithfear achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe laistigh de 15 lá.*

Diúltaithe s.13(5) *Tá moladh déanta ag an gCoimisinéir nár cheart stádas dídeanaí a bhronnadh ar an iarratasóir agus tá cinneadh cuimsithe aige ina thuarascáil faoi alt 13(6). Caithfear achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe laistigh de 10 lá.*

Diúltaithe s.13(2) *Tá moladh déanta ag an gCoimisinéir nár cheart stádas dídeanaí a bhronnadh mar ar tarraingíodh siar iarratas nó gur measadh é a bheith tarraingte siar*

s. 22(8) *Baineann cásanna curtha i gcrích faoi alt 22(8) le hiarratasóirí a aistríodh faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II a ndearnadh cinntí ina leith ag ORAC.*

Rialachán Bhaile Átha Cliath II *I gcásanna inar bunaíodh gur cheart iarratas an iarratasóra ar stádas dídeanaí a chinneadh i Stát Conraithe eile de chuid Rialachán Bhaile Átha Cliath II.*

Tábla 12. Comparáid idir iarratais a fuartha agus cásanna curtha i gcrích i 2010



	Ean	Feabh	Márta	Aib	Bealt	Meith	Iúil	Lún	MFomh	DFomh	Samh	Noll	Iomlán
Iarratais a Fuarthas	189	176	167	161	179	154	162	174	155	143	154	125	1,939
Cásanna Curtha i gCrích	205	219	205	193	192	187	188	167	183	154	176	123	2,192

Tábla 13. Moltaí a eisíodh 2010



Moladh*		Iomlán (%)
Cead Tugtha		1.3
Diúltaithe	s.13(4)(b)	42.7
	s.13(5)	30.6
Aistarraingthe	s.13(2)	25.4
Líon iomlán na moltaí a rinneadh		1,787

*Fágadh as an áireamh cásanna a próiseáladh faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II.

Baineann na hailt le hailt an Achta um Dhídeanaithe, 1996

Tábla 14. Iarratais a bhí fós idir lámha ar an 31/01/10 go 31/12/10



Mí	Idir Lámha	Athrú ón mí roimhe sin (%)
Eanáir	490	-
Feabhra	472	-3.7
Márta	452	-4.2
Aibreán	471	4.2
Bealtaine	489	3.8
Meitheamh	488	-0.2
Iúil	493	1.0
Lúnasa	515	4.5
M. Fómhair	519	0.8
D. Fómhair	530	2.1
Samhain	533	0.6
Nollaig	541	1.5

Tábla 15. Comparáid idir iarratais a fuarthas sa bhliain & idir lámha ag deireadh na bliana



Year	Iarratais a fuarthas	Idir Lámha	Athrú ar chásanna idir lámha (%)
1997	3,883	3,886	-
1998	4,626	5,993	54.2
1999	7,724	7,985	33.2
2000	10,938	10,127	26.8
2001	10,325	8,483	-16.2
2002	11,634	5,094	-40.0
2003	7,900	4,554	-10.6
2004	4,766	2,350	-48.4
2005	4,323	1,169	-50.3
2006	4,314	924	-21.0
2007	3,985	1,279	38.4
2008	3,866	1,196	-6.5
2009	2,689	470	-60.7
2010	1,939	541	15.1

Aguisín 4

Staitisticí Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II

Staitisticí Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II don tréimhse 01/01/2010 go 31/12/2010



* An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí

Tábla 1. Fiosruithe Airteagal 21 ar Bhallstáit Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II - 2010



Mí	Ean	Feabh	Márta	Aib	Bealt	Meith	Iúil	Lún	MFomh	DFomh	Samh	Noll	Iomlán
Iarratais	59	50	52	48	88	54	44	46	35	62	63	28	629

Tábla 2. Freagraí a fuarthas i 2010 ar fhiosruithe Airteagal 21 chuig Ballstáit Chonraitheacha AE Bhaile Átha Cliath II eile



	Freagraí	Iomlán (%)
Dearfach	229	36.2
Diúltach	400	63.2
Eile	4	0.6
Iomlán	633	

Is féidir nárbh ionann iomláin agus 100% de bharr a slánaithe

Nóta:
Áirítear san iomlán 633 thuas 4 fhiosrú a cuireadh isteach roimh 2010

Tábla 3. Iarratais fhoirmeálta chuig Ballstáit Chonraitheacha AE Bhaile Átha Cliath II - 2010



Mí	Ean	Feabh	Márta	Aib	Bealt	Meith	Iúil	Lún	MFomh	DFomh	Samh	Noll	Iomlán
Iarratais	36	19	29	23	26	27	35	29	19	20	35	16	314

Tábla 4. Freagraí a fuarthas i 2010 ar iarratais fhoirmeálta chuig Ballstáit Chonraitheacha AE Bhaile Átha Cliath II eile



	Freagraí	Iomlán (%)
Glactha	257	73.4
Measta a bheith glactha	27	7.7
Diúltaithe	38	10.9
Aistarraingthe	4	1.1
Ag feitheamh ar chinneadh	24	6.9
Iomlán	350	

Is féidir nárbh ionann iomláin agus 100% de bharr a slánaithe

Nóta:
Áirítear san iomlán 350 thuas 36 fhiosrú a cuireadh isteach roimh 2010

Tábla 5. Iarratais fhoirmeálta ó Bhallstáit Chonraitheacha AE Bhaile Átha Cliath II eile go hÉirinn - 2010



Mí	Ean	Feabh	Márta	Aib	Bealt	Meith	Iúil	Lún	MFomh	DFomh	Samh	Noll	Iomlán
Iarratais	9	13	18	14	15	23	21	16	27	23	16	14	209

Nóta: Áirítear san iomlán 209 thuas 190 iarratas ‘tóg ar ais’ agus 19 ‘tóg i gceannas’.

Tábla 6. Freagraí ar Iarratais fhoirmeálta ó Bhallstáit Chonraitheacha AE Bhaile Átha Cliath II eile go hÉirinn - 2010



	Freagraí	Iomlán (%)
Glactha	152	67.9
Measta a bheith glactha	1	0.4
Diúltaithe	50	22.3
Aistarraingthe	12	5.4
Ag feitheamh ar chinneadh	9	4.0
Iomlán	224	

Is féidir nárbh ionann iomláin agus 100% de bharr a slánaithe.

Nóta:
Áirítear san iomlán 224 thuas 15 fhiosrú a cuireadh isteach roimh 2010.

Tábla 7. Aistrithe faoi Rialachán AE Bhaile Átha Cliath II i 2010



Mí	Ean	Feabh	Márta	Aib	Bealt	Meith	Iúil	Lún	MFomh	DFomh	Samh	Noll	Iomlán
Isteach	8	5	8	6	8	11	12	15	6	7	14	6	106
Amach	17	8	15	14	8	18	23	11	15	2	10	1	142

Aguisín 5

Ceisteanna a d'Fhreagair an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí agus An tAonad Cóipeála/Clárúcháin i 2010

Aguisín 5

Ceisteanna a d'Fhreagair an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí agus An tAonad Cóipeála/Clárúcháin i 2010

Tábla A

Catagóir	Líon Próiseáilte
Litreacha agus Facsanna	7,993
Ceisteanna Gutháin	2,845
Ceisteanna Ríomhphoist	3,462
Iomlán	**14,300**

Tábla B

Catagóir	Líon Próiseáilte
Ceisteanna	2,962
Comhaid cóipeáilte	1,590
Idirbhearta aistrithe comhad	15,334
Iomlán	**19,886**

Nóta: Tagraíonn an t-iomlán de chomhaid a cóipeáladh don líon de chomhaid iarbhír a fótachóipeáladh ach ní léiríonn sé go gcuirtear ceithre chóip de gach comhad ar fáil i bhformhór na gcásanna.

Aguisín 6

Sonraí Airgeadais

Próifíl an Chaiteachais Phá in Oifig an Choimisinéara Iarratais Do Dhídeanaithe: 1 Eanáir - 31 Nollaig, 2010.

Tá an figiúr pá le haghaidh Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe cónasctha leis an nGníomhaireacht um Fháiltiú & Imeascadh, an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, chomh maith le coda Ceanncheathrúna eile de Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí faoi Fho-mhírcheann D.1 de Vóta Dlí agus Cirt 19. Ba é toradh le haghaidh pá i gcás Fho-mhírcheann D.1 den Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí ná €28.680m*, ar úsáid ORAC €6.922m* de.

Próifíl de Chaiteachas Neamh-Phá in Oifig an Choimisinéara Iarratais Do Dhídeanaithe: 1 Eanáir - 31 Nollaig, 2010.

	Cur Síos	Méid	Iomán (%)
1.	*Costais Dlí*	*€1,201,902*	*43.6*
2.	*Aistriúchán & Ateangaireacht*	*€677,505*	*24.6*
3.	*Costais Ghinearálta an Áitribh*	*€286,204*	*10.4*
4.	*Ilghnéitheach*	*€134,212*	*4.9*
5.	*Teas, Solas & Breosla*	*€103,528*	*3.8*
6.	*Cothabháil TF/Tomhaltáin*	*€85,211*	*3.1*
7.	*Oiliúint & Forbairt Foirne*	*€56,631*	*2.1*
8.	*Postas*	*€56,334*	*2.0*
9.	*Teileachumarsáid*	*€53,988*	*2.0*
10.	*Páipéarachas***	*€27,125*	*1.0*
	*Taisteal (Baile agus Eachtrannach)***	*€21,861*	*0.8*
	*Fótachóipeáil & Costas Gaolmhar***	*€19,167*	*0.7*
	*Talamh agus Foirgnimh***	*€13,105*	*0.5*
	*Costais Áidsint Taistil***	*€6,247*	*0.2*
	*Trealamh Oifige***	*€4,647*	*0.2*
	*Leabharlann & Taighde Dlí***	*€2,737*	*0.1*
	*Foilseacháin***	*€2,316*	*0.1*
	*Costais Míocháine***	*€1,871*	*0.1*
	*Fógraíocht***	*€696*	*0.0*
	*Costais Dlí***	*€660*	*0.0*
	Iomlán*	***€2,755,947***	

Is féidir nárbh ionann iomláin agus 100% de bharr a slánaithe

* Mar a dheimhnigh an tAonad Bainistithe Airgeadais, An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, 13 Ean 2011

Féach le do thoil go bhféadfadh an figiúr seo athrú go dtí go mbeidh Cuntas Leithghabhála 2010 foilsithe don Vóta Dlí & Cirt.



** Tá na hiomláin maidir leis na cóid mhíre seo ró-bheag le léiriú ar an gcairt.

Aguisín 7

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh 2010

Aguisín 7

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh 2010

I 2010, chaith ORAC **636000 MWh** d'Fhuinneamh, a chuimsíonn

256000 MWh de Leictreachas
380000 MWh de Ghás

Tá sé seo i gcomparáid le **689000 MWh** d'Fhuinneamh úsáidte i 2009

278000 MWh de Leictreachas (A sheasann do shábháil de 22000 MWh)
411000 MWh de Ghás (A sheasann do shábháil de 31000 MWh)

Sheasann sé seo do shábháil de thart ar 8% d'úsáid fuinnimh iomlán.

Gníomhaireachtaí arna dTugadh fúthu chun fuinneamh a shábháil:
Crochadh póstaeir maidir le sábháil fuinnimh in áiteanna cuí.

Cuireadh greamaitheoirí ag meabhrú d'fhoireann maidir le leictreachas a shábháil curtha ar Ríomhairí agus ag lasca solais.

Eisíodh ríomhphoist maidir le fuinneamh a shábháil agus ríomhairí a dhúnadh síos agus fearas eile go héifeachtach le linn tréimhsí Lá Saoire Bainc.

Rinneadh monatóireacht ar theochtanna teasa agus múchadh córais teasa le linn míonna an tsamhraidh.

Glacadh le comhairle saineolaithe seachtrach ar cén chaoi le caitheamh fuinnimh a laghdú.

Gníomhaireachtaí Pleanáilte i 2010 chun fuinneamh a shábháil
Páirt a ghlacadh i bhFeachtas OPW "Ag Optamú Fuinnimh @ An Obair" (Ag sábháil 10% in aghaidh na bliana)

Lean le tionscnaimh arna tugadh faoi i 2010.

Gluais Téarmaí

Gluais Téarmaí

Eolas faoi Thír Thionscnaimh (COI) Bíonn Eolas Faoi Thír Thionscnaimh (COI) comhdhéanta d'iliomaid cineál eolais dála reachtaíocht, tuairiscí nuachta, léarscáileanna, doiciméid oifigiúla *m.sh.* pasanna agus ceadanna oibre. Úsáidtear é mar chabhair chun substaint iarratais ar chinneadh stádas dídeanaí a chinneadh.

Cinneadh Stádas Dídeanaí Mar a dtagraítear dó in alt 17 den Acht, mar a dtugann an tAire don dídeanaí lena mbaineann, tar éis mholadh ón gCoimisinéir Iarratas Dídeanaithe, nó i ndiaidh cinneadh ag an mBinse Achomharc do Dhídeanaithe moladh an Choimisinéara a chur i leataobh, ráiteas i scríbhinn gur dídeanaí é/í.

Tháinig **Rialachán AE Bhaile Átha Cliath** i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2003, in ionad Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath. Soláthraíonn an Rialachán seo modh chun a chinneadh cén Stát Conraithe atá freagrach as iarratas ar stádas dídeanaí a scrúdú.

EURASIL (Líonra an Aontais Eorpaigh do chleachtóirí tearmainn/Réseau de l'UE pour les praticiens de l'asile) Fóram le haghaidh cleachtóirí tearmainn san AE chun eolas a mhalartú ar cheisteanna tearmainn mar chórais chinneadh stádas dídeanaí agus córais eolais faoi thír thionscnaimh.

EURODAC Córas chun méarloirg a mhalartú go leictreonach idir Stáit Chonraithe.

Comhairlithe Idir-Rialtasacha um Beartais Tearmainn, Dídeanaí agus Imirce (IGC) Fóram neamhfhoirmeálta nach ndéantar cinntí ann is ea é seo (bunaithe sa Ghinéiv) chun gur féidir le rialtais eolas a mhalartú agus beartas a phlé maidir le nithe a bhaineann le hábhar ó thaobh sruthanna imirce idirnáisiúnta de. Tugtar le chéile san IGC sé stát rannpháirtíochta déag, Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe, an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce agus an Coimisiún Eorpach.

Acht na nDídeanaithe 1996 An phríomh-mhír reachtaíochta a dhéileálann le dídeanaithe agus le lucht iarrtha tearmainn ná Acht na nDídeanaithe, 1996, a tháinig i bhfeidhm i mí na Samhna 2000. Comhshnaidhmeann an tAcht um Coinbhinsiún na Ginéive 1951 Acht 1996 leis an dlí baile. Foráiltear ann do bhunú ORAC agus an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe agus leagtar amach ann creatlach le haghaidh cinneadh iarratas ar thearmann. (Leasaíodh Acht 1996 ag an Acht Inimirce, 1999, Acht na nInimirceoirí Mídhleathacha (Gáinneáil) 2000, an Acht Inimirce 2003 agus an Acht Inimirce, 2004).

Seirbhísí Dlí do Dhídeanaithe Is seirbhís í an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe a sholáthraíonn an Bord Cúnamh Dlí agus cuireann sí seirbhís dlí ar fáil d'iarratasóirí atá ag lorg stádas dídeanaí.

Coinbhinsiún na NA do Dhídeanaithe Is ionstraim idirnáisiúnta chun stádas dlíthiúil dídeanaithe a mhíniú é Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le stádas dídeanaithe, a síníodh sa bhliain 1951. Ghlac Comhdháil Lánchumhachtach de chuid na Náisiún Aontaithe an Coinbhinsiún a bhaineann le Stádas Dídeanaí an 28 Iúil 1951, agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 21 Aibreán 1954. Tá reachtaíocht na hÉireann i ndáil le dídeanaithe bunaithe ar na prionsabail i gCoinbhinsiún 1951.

Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe (UNHCR) Bunaíodh Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe ar an 1 Eanáir 1951. Nótáiltear go sonrach i gCoinbhinsiún 1951 go bhfuil sé de chúram ar Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe maoirsiú a dhéanamh ar choinbhinsiúin idirnáisiúnta ina ndéantar foráil maidir le cosaint a sholáthar do dhídeanaithe, agus a chinntiú go ndéantar comhordú éifeachtach ar na bearta a dhéantar chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin i gcomhar leis na Stáit Conraithe.